



Uimhir 15 de 2019

An tAcht um Rásaíocht Con, 2019
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 15 de 2019

AN tACHT UM RÁSAÍOCHT CON, 2019

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme
2. Mínithe
3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (léiriú)
4. Scéala, fógraí agus doiciméid
5. Rialacháin
6. Cionta a ionchúiseamh
7. Cúlghairm

CUID 2

RÁSAÍOCHT CON ÉIREANN

8. Ainm Bhord na gCon a athrú
9. Comhaltas an Bhoird
10. Córam do chruinniú den Bhord
11. Eisiamh ó chomhaltas an Bhoird nó ó fhoireann an Bhoird
12. Nochtadh leasanna
13. Feidhmeanna ginearálta an Bhoird
14. An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
15. An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
16. Cistí an Bhoird a chur chun feidhme
17. An Bord nó fochuideachta d'fháil iasachtaí

18. Cuntais an Bhoird agus a fhochuideachtaí

CUID 3

RÁSAÍOCHT CON AGUS RÁSRIANTA CON A RIALÁIL

19. Toirmeasc ar rásrian con a oibriú gan cheadúnas
20. Nithe áirithe i ndáil le rásrianta con a thoirmeasc le rialacháin
21. Rialacháin chun rásrianta con agus rásaíocht con a rialáil
22. Treoirlínte i ndáil le rásrianta con
23. Aisghairm

CUID 4

RIALACHÁIN ETC. A BHAINNEANN LE TIONSCAL NA gCON

24. Cúnna a thraenáil ar luaíocht
25. Díolachán poiblí cúnna
26. Inseamhnú saorga cúnna
27. Substaintí a thabhairt do chúnna
28. Inlorgaitheacht cúnna – bunachar sonraí inlorgaitheachta
29. Leas cúnna rásaíochta

CUID 5

NITHE A BHAINNEANN LE CEADÚNÚ FAOI CHODANNA 3 AGUS 4

30. Míniú (Cuid 5)
31. Ceadúnais, ceadanna agus ceaduithe
32. Muirir i leith ceadúnas, ceadanna nó ceaduithe
33. Ceadúnais, ceadanna nó ceaduithe a chúlghairm nó a fhionraí
34. Uiríll

CUID 6

OIFIGH ÚDARAITHE

35. Oifigh údaráithe
36. Imscrúduithe ag oifigh údaráithe
37. Feidhmeanna oifigeach údaráithe
38. Cúnamh d'oifigeach údaráithe
39. Ceanglais oifigh údaráithe agus ordacháin ó oifigeach údaráithe
40. Barántas cuardaigh

41. Cosc etc. a chur ar oifigeach údaraithe

CUID 7

IMSCRÚDUITHE AG AN mBORD

42. Imscrúduithe ag an mBord - sárúithe ar an gCód rásaíochta

CUID 8

AN COISTE RIALÚCHÁIN AGUS AN COISTE ACHOMHAIRC – SMACHTBHANNAÍ RÁSAÍOCHTA

CAIBIDIL 1

An Coiste Rialúcháin

43. Dlíne an Choiste Rialúcháin agus an Choiste Achomhairc
44. An Coiste Rialúcháin um Rásaíocht Con
45. Éisteachtaí an Choiste Rialúcháin

CAIBIDIL 2

Smachtbhannaí rásaíochta

46. Smachtbhannaí rásaíochta
47. Orduithe dícháiliúcháin
48. Orduithe eisiamh

CAIBIDIL 3

An Coiste Achomhairc

49. Achomhairc chun an Choiste Achomhairc i gcoinne breith ón gCoiste Rialúcháin
50. An Coiste Achomhairc
51. Achomhairc chun an Choiste Achomhairc
52. Scéala a thabhairt i dtaobh breitheanna ón gCoiste Rialúcháin agus ón gCoiste Achomhairc
53. Achomhairc chun na Cúirte Dúiche

CAIBIDIL 4

Cruthúnais

54. Cruthúnas ar dheimhniú anailíse

CUID 9

ILGHNÉITHEACH

55. Leasúithe ilghnéitheacha ar an bPríomh-Acht
56. Incháilitheacht cú chlárúithe chun rásála

57. Ceanglas ar dhuine atá ar meisce nó atá fóbartach rásrian nó díolachán poiblí a fhágáil nó an ceart chun diúltú don duine sin dul isteach

58. Aistriú sonraí

CUID 10

LEAS CÚNNA

59. Leasú ar an Acht um Leas Cúinna, 2011

CUID 11

LEASUITHE AR AN ACHT UM SHLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE, 2013

60. Míniú (Cuid 11)

61. Cionta faoi alt 36

62. Rialacháin AE a chomhlíonadh – cion agus pionós

63. Na costais a ghabhann le hainmhí urghafa a choinneáil

64. Fógra um shláinte agus leas ainmhithe

65. Rialacháin um shláinte agus leas ainmhithe – nithe i Sceideal 3

66. Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2013

[2019.]

An tAcht um Rásaíocht Con, 2019.

[Uimh. 15.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

- An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 (Uimh. 15)
An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993 (Uimh. 23)
Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)
An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
Acht Thionscal na gCon (Leasú), 1993 (Uimh. 37)
Acht Tionscail na gCon, 1958 (Uimh. 12)
Achtanna Thionscal na gCon, 1958 agus 1993
An tAcht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999 (Uimh. 24)
An tAcht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001 (Uimh. 20)
An tAcht um Rásaíocht Capall Éireann, 2016 (Uimh. 2)
Industrial and Provident Societies Act 1893 (56 & 57 Vict., c. 39)
An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (Uimh. 26)
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018
An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005 (Uimh. 22)
An tAcht um Leas Cúnna, 2011 (Uimh. 29)



Uimhir 15 de 2019

AN tACHT UM RÁSAÍOCHT CON, 2019

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú agus do leathnú Achtanna Thionscal na gCon, 1958 agus 1993, an Achta um Leas Cúinna, 2011 agus an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013; d'athrú ainm Bhord na gCon agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[28 Bealtaine 2019]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Rásaíocht Con, 2019 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* a ghairm d'Achtanna Thionscal na gCon, 1958 agus 1993, d'ailt 8 go 13 d'Acht 1999, d'ailt 14 agus 16 agus d'ailt 15 agus 17 (sa mhéid go mbaineann siad leis an mBord) den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001, d'alt 15 den Acht um Rásaíocht Capall Éireann, 2016 agus den Acht seo (seachas *Codanna 10 agus 11*), le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.
- (3) Féadfar na *hAchtanna um Leas Cúinna, 2011 agus 2019* a ghairm den Acht um Leas Cúinna, 2011 agus de *Chuid 10* le chéile.
- (4) Féadfar na *hAchtanna um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 agus 2019* a ghairm den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 agus de *Chuid 11* le chéile.
- (5) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *Codanna 10 agus 11*) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1999” an tAcht um Rásaíocht Capall agus Con (Táillí agus Tobhaigh Ghealltóireachta), 1999;

ciallaíonn “smachtbhanna rásaíochta riaracháin” smachtbhanna a fhéadfar a fhorchur faoi *alt 46(1)* i leith sárú ar an gCód rásaíochta;

ciallaíonn “an Coiste Achomhairc” an Coiste Achomhairc arna bhunú faoi alt 50 den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe don Bhord faoi *alt 35* nó faoin bPríomh-Acht;

ciallaíonn “Bord” Rásaíocht Con Éireann;

ciallaíonn “Club” Club Cúrsála na hÉireann;

ciallaíonn “an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit” an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn “an Coiste Rialúcháin” an Coiste Rialúcháin um Rásaíocht Con arna bhunú faoi *alt 44*;

ciallaíonn “ordú dícháiliúcháin” ordú dícháiliúcháin arna léamh de réir *alt 47* agus arna fhorchur mar smachtbhanna rásaíochta riaracháin dá bhforáiltear faoi *alt 46(1)(b)(i)*;

ciallaíonn “dópáil” i ndáil le cú, substaint a thabhairt don chú;

ciallaíonn “ordú eisiaimh” ordú eisiaimh arna léamh de réir *alt 48* agus arna fhorchur mar smachtbhanna rásaíochta riaracháin dá bhforáiltear faoi *alt 46(1)(b)(ii)*;

ciallaíonn “cú” madra (lena n-áirítear soith) a bheidh taifeadta i Leabhar na gCon nó i ngraíleabhar coibhéiseach de chuid dlínse choigríche nó coileán de chuid fearchú agus soithchú a bheidh taifeadta amhlaidh;

ciallaíonn “oifigeach imscrúdúcháin” duine arna cheapadh nó arna ceapadh chun imscrúdú a sheoladh chun críocha *alt 42*;

ciallaíonn “Leabhar na gCon” an graíleabhar ina ndéantar cúnna folaíochta a chlárú agus a chéannú faoi Chóiriú an Chlub;

ciallaíonn “Aire” an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara;

ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht Tionscail na gCon, 1958;

ciallaíonn “Cód rásaíochta” rialachas agus rialáil rásaíochta con agus thionscal na gcon faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019*;

ciallaíonn “smachtbhanna rásaíochta” smachtbhanna rásaíochta riaracháin nó íocaíocht smachtbhanna;

ciallaíonn “sárú smachtbhanna”, i ndáil le sárú ar an gCód rásaíochta, sárú, a bheidh sonraithe i rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, arb ina leith a fhéadfaidh an Coiste Rialúcháin smachtbhanna rásaíochta a fhorchur faoi *alt 46* nó a fhéadfaidh an Coiste Achomhairc smachtbhanna rásaíochta a fhorchur faoi *alt 49*;

ciallaíonn “íocaíocht smachtbhanna” íocaíocht a cheanglaítear a íoc faoi *alt 46(2)*;

ciallaíonn “an Coiste Comhairleach Eolaíoch” coiste arna bhunú faoi alt 13 den Phríomh-Acht chun comhairle a thabhairt don Bhord i ndáil le nithe arb ina leith a fhéadfar rialacháin a dhéanamh faoi *alt 27* agus, go háirithe, i ndáil le dópáil a dhéanamh ar chúinna agus cógais do chúinna a rialú;

ciallaíonn “fochuideachta” cuideachta arna bunú ag an mBord faoi alt 18B (a cuireadh isteach le halt 10 d’Acht 1999) den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “substaint” aon ábhar is cuma cén bunadh atá leis, cibé acu, maidir leis an ábhar sin—

- (a) is de bhunadh daonna é (lena n-áirítear fuil dhaonna agus táirgí fola daonna),
- (b) is de bhunadh ainmhíoch é (lena n-áirítear miocrorgánaigh, ainmhithe iomlána nó codanna d’ainmhithe, codanna d’orgáin agus táil ainmhithe, tocsainí, antatocsainí, séirim, antaiséirim, eastóscáin agus táirgí fola),
- (c) is de bhunadh glastrúil é (lena n-áirítear miocrorgánaigh, plandaí, codanna de phlandaí agus táil nó eastóscáin ghlasrúla),
- (d) is de bhunadh ceimiceach é (lena n-áirítear dúile, ábhair cheimiceacha atá ann go nádúrtha agus táirgí ceimiceacha a fhaightear trí athrú ceimiceach nó trí shintéis cheimiceach), nó
- (e) is aon teaglaim é de na nithe sin roimhe seo,

a d’fhearfadh ar fheidhmíocht cú dá gcuirfí isteach i gcú iad, d’fhonn feabhsú feidhmíochta nó lagú feidhmíochta a thabhairt i gcrích;

ciallaíonn “rialacháin um shubstaintí” rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 27(1)* i leith ní dá dtagraítear i *mír (a), (c) nó (e)* den fho-alt sin;

ciallaíonn “cleachtóir tréidliachta” cleachtóir tréidliachta de réir bhrí an Achta um Chleachtadh Tréidliachta, 2005.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht (léiriú)

3. Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an Bord”:

“ciallaíonn ‘Bord’ Rásaíocht Con Éireann;”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an tAire”:

“ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara;”.

Scéala, fógraí agus doiciméid

4. (1) I gcás go gceanglófar scéala, fógra nó doiciméad faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* a thabhairt do dhuine nó a sheirbheáil air nó uirthi, díreofar chuig an duine é agus déanfar é a thabhairt don duine nó a sheirbheáil air nó uirthi—

- (a) trína sheachadadh ar an duine nó i gcás comhpháirtíochta trína sheachadadh ar aon duine de na comhpháirtithe,

- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó,
 - (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó,
 - (d) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh sheirbheáil an scéala, an fhógra nó an doiciméid tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláráithe réamhíoctha, agus é dírithe chuig an duine, chuig an seoladh sin, nó
 - (e) trína chur leis an bpost leictreonach chuig feiste nó saoráid chun post leictreonach a ghlacadh i gcás go mbeidh seoladh poist leictreonaigh den sórt sin tugtha ag an duine, ach ní dhéanfar sin ach amháin má dhéanann saoráid an tseoltóra chun post leictreonach a ghlacadh teachtaireacht a ghiniúint lena ndaingnítear go bhfuarthas an post leictreonach lena ndaingnítear go ndearnadh an scéala, an fógra nó an doiciméad a tharchur go rathúil.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)*, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó ar chuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin ag a hoifig chláráithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.
- (3) Aon chóip de scéala, d'fhógra nó de dhoiciméad, a bhfuil deimhniú ó oifigeach údaraithe nó ó oifigeach leasa (arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 7 den Acht um Leas Cúna, 2011), de réir mar a bheidh, formhuinthe uirthi ina luaitear gur cóip dhílis den scéala, den fhógra nó den doiciméad an chóip, féadfar, gan cruthúnas ar shíniú an duine sin, í a thabhairt ar aird i ngach cúirt nó os comhair an Choiste Rialúcháin nó an Choiste Achomhairc agus, mura suítear a mhalairt, is fianaise ar an scéala, ar an bhfógra nó ar an doiciméad í.
- (4) Aisghairtear alt 53 den Phríomh-Acht.

Rialacháin

5. (1) I gcás go mbeartóidh an Bord rialacháin a dhéanamh faoin Acht seo, foilseoidh sé—
- (a) dréacht de na rialacháin bheartaithe, agus
 - (b) fógra faoi na rialacháin bheartaithe i nuachtán amháin nó níos mó, nó in irisleabhar amháin nó níos mó, a bhaineann go príomha nó go páirteach le rásaíocht con nó le tionscal na gcon agus a fhoilsítear sa Stát agus a scaiptear laistigh den Stát,
- á rá go bhféadfar uirill a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord roimh dháta sonraithe (nach luaithe ná 21 lá ón dáta foilsithe).
- (2) Breithneoidh an Bord aon uirill a dhéanfar faoi *fho-alt (1)*.
- (3) Tar éis don Bhord breithniú a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* ar aon uirill arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* maidir le rialacháin a bheartaíonn sé a dhéanamh faoin Acht seo, féadfaidh sé na rialacháin a dhéanamh, fara modhnú nó gan mhodhnú.
- (4) I gcás go ndéanfaidh an Bord rialacháin faoin Acht seo, foilseoidh an Bord ar a shuíomh gréasáin—
- (a) cóip de na rialacháin nó fógra faoina ndéanamh fara tuairisc orthu, agus

- (b) tagairt d'uimhir na hionstraime reachtúla arna sannadh dóibh.
- (5) Ní dhéanfaidh aon neamhchomhlíonadh *fo-alt (1)* nó *(4)* difear do bhailíocht aon rialachán arna ndéanamh faoin Acht seo.
- (6) Déanfar gach rialachán a dhéanfaidh an Bord faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Cionta a ionchúiseamh

6. (1) Féadfaidh an Bord cion faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* a ionchúiseamh go hachomair.
- (2) Aisghairtear fo-alt (1) d'alt 52 den Phríomh-Acht.

Cúlghairm

7. (1) Cúlghairtear na rialacháin seo a leanas:
- (a) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin), 2007 (I.R. Uimh. 301 de 2007);
- (b) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Leasú), 2008 (I.R. Uimh. 242 de 2008);
- (c) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 397 de 2015);
- (d) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 441 de 2016);
- (e) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Téarma Oifige a Fhadú go Sealadach), 2016 (I.R. Uimh. 491 de 2016);
- (f) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Téarma Oifige a Fhadú go Sealadach), 2017 (I.R. Uimh. 387 de 2017);
- (g) Rialacháin Thionscal na gCon (Coiste Rialúcháin agus Coiste Achomhairc Rialúcháin)(Téarma Oifige a Fhadú go Sealadach), 2018 (I.R. Uimh. 323 de 2018).
- (2) Aon ní a bheidh, ar thosach feidhme an ailt seo, faoi imscrúdú ag an gCoiste Rialúcháin nó os a chomhair nó faoi achomharc chun an Choiste Achomhairc faoi Rialacháin arna gcúlghairm le *fo-alt (1)*, is ní nár pléadh leis roimh thosach feidhme an ailt seo, féadfar leanúint de bheith ag plé leis faoi na Rialacháin sin.

CUID 2

RÁSAÍOCHT CON ÉIREANN

Ainm Bhord na gCon a athrú

8. (1) Is é Rásaíocht Con Éireann ainm an bhoird (a bunaíodh le halt 6 den Phríomh-Acht) arb é Bord na gCon an t-ainm reatha atá air.
- (2) Déanfar tagairtí in aon achtachán, ionstraim reachtúil nó imeachtaí dlíthiúla nó in aon doiciméad eile do Bhord na gCon a léamh, ar agus ó thosach feidhme an ailt seo, mar thagairtí do Rásaíocht Con Éireann.

Comhaltas an Bhoird

9. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad ailt 7, 8 agus 9:

“Comhdhéanamh an Bhoird

7. (1) Is é a bheidh i gcomhaltas an Bhoird—
- (a) cathaoirleach, agus
- (b) 8 ngnáthchomhalta,
- a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí acu ar nithe, nó cumas léirithe acu i nithe, is iomchuí maidir le feidhmeanna an Bhoird.
- (2) Déanfaidh an tAire, sa mhéid gurb indéanta é agus ag féachaint do thaithí iomchuí na ndaoine lena mbaineann, a chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh chomhaltas an Bhoird.

Comhaltaí an Bhoird

8. (1) Déanfaidh an tAire, ag féachaint do bheartas agus do nósanna imeachta an Rialtais, comhaltaí an Bhoird a cheapadh.
- (2) Maidir le gnáthchomhaltaí an Bhoird—
- (a) is cleachtóir tréidliachta ag a mbeidh seasamh 5 bliana ar a laghad a bheidh i nduine amháin nó níos mó díobh, agus
- (b) is duine ag a mbeidh mioneolas ar thionscal na gcon a bheidh i nduine amháin nó níos mó díobh.
- (3) Beidh cathaoirleach an Bhoird i seilbh oifige ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.
- (4) Faoi réir fho-alt (4), beidh gnáthchomhalta den Bhord i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.
- (5) Ar thosach feidhme *alt 9 den Acht um Rásaíocht Con, 2019*, aon chomhalta den Bhord ag a mbeidh níos lú ná 3 bliana seirbhíse ar an mBord ón tráth a chéadcheapfar é nó í nó a cheapfar é nó í dá éis sin, leanfaidh sé nó sí ar aghaidh mar chomhalta den Bhord go dtí go mbeidh sé nó sí ag fónamh ar feadh 3 bliana.

- (6) Ní bheidh duine a d'fhóin ar feadh 2 théarma oifige chomhleanúnacha mar chomhalta den Bhord in-athcheaptha.
- (7) Féadfaidh comhalta den Bhord lena mbaineann fo-alt (4), faoi réir fho-alt (5), a bheith in-athcheaptha mar ghnáthchomhalta den Bhord faoin alt seo.
- (8) Faoi réir an Achta seo, beidh comhalta den Bhord i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, caiteachais agus liúntais) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (9) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Bhord bás, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord chun an corrholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh.
- (10) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord faoi fho-alt (8) i seilbh oifige ar feadh na tréimhse sin de théarma oifige an chomhalta ar dá bharr nó dá barr a tharla an corrholúntas a bheidh gan chaitheamh ar dháta a cheaptha nó a ceaptha agus beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Bhord ar feadh téarma oifige amháin ar dhul in éag don tréimhse sin.
- (11) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord a mbeidh a théarma oifige nó a téarma oifige dulta in éag, nach mbeidh sé nó sí athcheaptha nó nach bhféadfar é nó í a athcheapadh de bhua gur fhóin sé nó sí ar feadh 2 théarma chomhleanúnacha, leanfaidh an comhalta de bheith in oifig go dtí go ndéanfar an folúntas a tharla dá bharr nó dá barr a líonadh trí dhuine eile a cheapadh.
- (12) Féadfaidh an Bord gníomhú d'ainneoin aon fholúntas ina chomhaltas.

Coinníollacha oifige chomhaltaí an Bhoird

- 9. (1) Féadfaidh an tAire, aon tráth, comhalta den Bhord a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe lena n-áirítear, más rud é, i dtuairim an Aire—
 - (a) maidir leis an gcomhalta—
 - (i) go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtach, nó
 - (ii) go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit nó cóid nó doiciméid bheartais eile den sórt sin a eiseoidh comhalta den Rialtas ó am go ham á shárú nó á sárú aige nó aici,

nó
 - (b) gur gá é nó í a chur as oifig chun go gcomhlíonfar feidhmeanna an Bhoird go héifeachtach.
- (2) Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as nuair a gheobhaidh an tAire an litir.

- (3) Scoirfidh comhalta den Bhord de bheith i seilbh oifige más rud é—
- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,
 - (b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaí,
 - (c) go gciontófar é nó í i gcion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 nó i gcion lena ngabhann cruálacht ar ainmhí nó a bhaineann le leas ainmhithe,
 - (d) go ndéanfar ordú eisiaimh ina thaobh nó ina taobh,
 - (e) go gciontófar é nó í i gcion indíotáilte i ndáil le cuideachta nó le cuideachta láithreach (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014),
 - (f) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
 - (g) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
 - (h) go ndéanfar ordú faoi alt 842 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ina thaobh nó ina taobh.”.

(2) Aisghairtear alt 2 d'Acht Thionscal na gCon (Leasú), 1993.

Córam do chruinniú den Bhord

10. Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) 6 is córam do chruinniú den Bhord.”.

Eisiamh ó chomhaltas an Bhoird nó ó fhoireann an Bhoird

11. (1) I gcás go ndéanfar comhalta den Bhord nó de choiste den Bhord nó stiúrtóir ar fhochuideachta a ainmniú mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chun Parlaimint na hEorpa, nó chun ceachtar Tí den Oireachtas, beidh sé nó sí ar fionraí ó chomhaltas an Bhoird nó an choiste nó ó bheith ina stiúrtóir ar an bhfochuideachta, agus ní bheidh sé nó sí i dteideal páirt a ghlacadh i gcruinnithe den Bhord, den choiste nó den fochuideachta ná aon luach saothair nó liúntais a fháil ón mBord nó ón bhfochuideachta i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar é nó í agus dar críoch an tráth a mheasfar an duine gan bheith tofa.

(2) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord nó de choiste den Bhord nó príomhfheidhmeannach fochuideachta nó stiúrtóir ar fochuideachta—

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) go measfar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó den choiste nó de bheith ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach nó ina stiúrtóir ar an bhfochuideachta.

- (3) Aon duine a bheidh i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó atá ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.
- (4) Más rud é, maidir le duine is comhalta d'fhoireann an Bhoird—
- (a) go n-ainmneofar é nó í mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chun ceachtar Tí den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa,
 - (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
 - (c) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
 - (d) go measfar, faoi Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht ag an mBord agus ní íocfaidh an Bord leis nó léi, nó ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón mBord, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a mheasfar an duine gan a bheith tofa nó an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach nó den Pharlaimint sin.

Nochtadh leasanna

12. (1) Más rud é, maidir le—

- (a) comhalta den Bhord nó de choiste,
 - (b) stiúrthóir ar fochuideachta,
 - (c) comhalta d'fhoireann an Bhoird nó d'fhoireann fochuideachta,
 - (d) sainchomhairleoir nó comhairleoir arna fhostú nó arna fostú ag an mBord nó ag fochuideachta, nó
 - (e) comhalta den Choiste Rialúcháin nó den Choiste Achomhairc,
- ag a bhfuil aon leas airgid nó aon leas tairbhiúil eile in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag an mBord, ag coiste nó ag fochuideachta—
- (i) nochtfaidh sé nó sí don Bhord nó do choiste nó d'fochuideachta, de réir mar a bheidh, cineál an leasa sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,
 - (ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bhaineann leis an ní,
 - (iii) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú ar an ní,
 - (iv) tarraingeoidh sé nó sí siar ó chruinniú ag a mbeidh an ní á phlé nó á bhreithniú fad a bheidh sé á phlé nó á bhreithniú amhlaidh, agus

- (v) más comhalta den Bhord nó de choiste nó más stiúrthóir ar fhochuideachta é nó í, ní vótálfaidh sé nó sí ná ní ghníomhóidh sé nó sí thairis sin mar chomhalta den sórt sin nó mar stiúrthóir den sórt sin i ndáil leis an ní.
- (2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—
- (a) gur comhalta de chuideachta nó d’aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú faoin bhfo-alt sin é nó í an duine, gaol bainteach leis an duine nó ainmnitheach de chuid ceachtar díobh,
- (b) go bhfuil an duine nó gaol bainteach leis an duine i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní den sórt sin,
- (c) gur páirtí in aon chomhshocraíocht nó comhaontú (cibé acu atá sé infhorfheidhmithe nó nach bhfuil) maidir le talamh lena mbaineann aon ní den sórt sin é nó í an duine nó gaol bainteach leis an duine, nó
- (d) go bhfuil leas tairbhiúil in aon ní den sórt sin, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní den sórt sin, ag gaol bainteach.
- (3) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin go bhfuil leas aige nó aici nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht nó duine eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn dó nó di breithniú nó plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm i ndáil leis an ní a chomhlíonadh.
- (4) Is iad comhaltaí an Bhoird a chinnfidh aon cheist i dtaobh arbh ionann iompar áirithe ag duine, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici *fo-alt (1)* a chomhlíonadh, agus déanfar sonraí an chinnidh a thairfeadh i miontuairiscí cruinnithe ag a ndéanfar an cinneadh.
- (5) Má dhéanann duine nochtadh faoi *fho-alt (1)* ag cruinniú den Bhord, de choiste nó d’fhochuideachta, déanfar sonraí an nochta a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe.
- (6) I gcás gur deimhin leis an Aire go ndearna comhalta den Bhord nó de choiste nó stiúrthóir ar fhochuideachta *fo-alt (1)* a shárú, féadfaidh sé nó sí an comhalta nó an stiúrthóir a chur as oifig agus, i gcás go gcuirfeadh duine as oifig faoin bhfo-alt seo, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó de choiste nó ina stiúrthóir ar fhochuideachta.
- (7) I gcás go ndéanfaidh duine, seachas duine lena mbaineann *fo-alt (6)*, *fo-alt (1)* a shárú, tabharfaidh an Bord nó, de réir mar is cuí, an fhochuideachta breith i dtaobh an beart is cuí a dhéanamh i ndáil leis an duine, lena n-áirítear Conradh seirbhíse nó Conradh le haghaidh seirbhísí leis an duine a fhoirceannadh.
- (8) Ní dhéanann aon ní san alt seo dochar d’oibriú aon riail dlí lena gcuirtear srian ar stiúrthóirí cuideachta aon leas a bheith acu i gconarthaí leis an mBord nó le fochuideachta.
- (9) San alt seo—
- ciallaíonn “coiste” coiste den Bhord nó an Coiste Rialúcháin nó an Coiste Achomhairc;

ciallaíonn “gaol bainteach”, i ndáil le duine, céile an duine, páirtneír sibhialta an duine nó tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh leis an duine nó céile nó páirtneír sibhialta linbh leis an duine.

Feidhmeanna ginearálta an Bhoird

13. Is iad feidhmeanna ginearálta an Bhoird foráil a dhéanamh maidir le riarachán, rialáil, rialachas, forbairt agus cur chun cinn foriomlán thionscal con na hÉireann agus foráil a dhéanamh maidir le sláinte agus leas cúnna. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird feidhmeanna, róil agus freagrachtaí a shainnint ionas go ndéanfar, ar shlí shoiléir thrédhearcach, freagrachtaí a roinnt idir an Bord a stiúradh agus a bhainistiú agus an fhreagracht fheidhmeannach as an mBord a reáchtáil de réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit nó de réir cóid nó doiciméid bheartais eile den sórt sin a eiseoidh comhalta den Rialtas ó am go ham.

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

14. Beidh aird ag an mBord agus ag a fhochuideachtaí ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit nó ar chóid nó doiciméid bheartais eile den sórt sin a eiseoidh Aire den Rialtas ó am go ham.

An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

15. (1) Féadfaidh comhaltaí an Bhoird oifigeach don Bhord a cheapadh chun bheith ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ar an mBord.
- (2) Déanfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin—
- riarachán agus gnó an Bhoird a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
 - comhairle a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird i ndáil le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna, agus
 - cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a chinnfidh comhaltaí an Bhoird agus a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun tionscal na gcon a oibriú go héifeachtúil éifeachtach, ag féachaint don Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- (3) Beidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoina réir (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) a cheadóidh comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag féachaint don Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- (4) Íocfar leis an bpríomh-oifigeach feidhmiúcháin, as airgead a bheidh faoina réir ag an mBord, cibé liúntais i leith caiteachais arna dtabhú aige nó aici i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, a chinnfidh comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (5) Caithfidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin a chuid ama nó a cuid ama go léir ar na dualgais mar phríomhfheidhmeannach agus ní shealbhóidh sé nó sí aon oifig ná post eile gan toiliú comhaltaí an Bhoird.
- (6) Féadfaidh an príomh-oifigeach feidhmiúcháin tograí a chur faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird maidir le haon ní a bhaineann lena ghníomhaíochtaí.

(7) Scriostar fo-alt (2) d’alt 11 den Phríomh-Acht.

Cistí an Bhoird a chur chun feidhme

16. Leasaítear alt 16 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(c), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (viii):

“(viii) aon chríoch eile a chabhróidh le tionscal na gcon a fheabhsú agus a fhorbairt,

(ix) feabhas a chur ar shláinte agus leas cúnna.”.

An Bord nó fochuideachta d’fháil iasachtaí

17. (1) Féadfaidh an Bord nó aon fochuideachta dá chuid, chun soláthar a dhéanamh do chaiteachas reatha nó caipitiúil, airgead a fháil ar iasacht ó am go ham (cibé acu ar urrúis shócmhainní an Bhoird nó na fochuideachta nó ar shlí eile) lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, ach ní dhéanfaidh sé amhlaidh gan toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag gníomhú dó nó dí le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Aisghairtear alt 17 den Phríomh-Acht.

Cuntais an Bhoird agus a fhochuideachtaí

18. Leasaítear alt 19 (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Coimeádfaidh an Bord agus a fhochuideachtaí, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cúig agus is gnách ar an airgead arna fháil aige nó arna chaitheamh aige, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.”.

CUID 3

RÁSAÍOCHT CON AGUS RÁSRIANTA CON A RIALÁIL

Toirmeasc ar rásrian con a oibriú gan cheadúnas

19. (1) Déantar an t-alt seo a leanas a chur in ionad alt 21 (arna leasú le halt 12 d’Acht 1999) den Phríomh-Acht:

“21. (1) Ní dhéanfaidh duine (seachas an Bord) rásrian con a oibriú ach amháin faoi cheadúnas rásriain con.

(2) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €250,000 a chur air nó uirthi.”.

(2) Aisghairtear fo-alt (1) d'alt 12 d'Acht 1999.

Nithe áirithe i ndáil le rásrianta con a thoirmeasc le rialacháin

20. (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le rásrianta con a úsáid, a bhainistiú agus a rialú chun foráil a dhéanamh maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) toirmeasc a chur ar dhaoine feidhmeanna bainisteora rásaíochta, cisí, breithimh, maoir rialúcháin, maoir ar stípin, amchoimeádaí nó tiománaí giorriacha ar rásrianta con a chomhlíonadh ach amháin faoi réim agus de réir ceadanna arna ndeónú ag an mBord faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 21(1)* chun críocha *mhír (a)* den fho-alt sin;
 - (b) rásaí con a thoirmeasc ach amháin i gcás go mbeidh aicme nó aicmí áirithe daoine a bheidh sonraithe sna rialacháin chun feidhmeanna sonraithe a chomhlíonadh ar rásrianta con agus oifigigh don Bhord a bheidh sonraithe sna rialacháin i láthair;
 - (c) toirmeasc a chur ar aicme nó aicmí áirithe daoine a chomhlíonann aicmí sonraithe feidhmeanna ar rásrianta con aon leas tairbhiúil a bheith acu san ioncam ó na rásrianta con faoi seach nó in úinéireacht na gcon a rásáiltear orthu nó aon gheall a chur ar rásaí con orthu;
 - (d) toirmeasc a chur ar cheadúnaithe faoi cheadúnais rásriain con agus ar aicme nó aicmí áirithe daoine a chomhlíonann feidhmeanna sonraithe ar rásrianta con aon leas tairbhiúil a bheith acu i ngeallghlacadóireacht ar na rásrianta con faoi seach.
- (2) Más rud é, faoi *mhír (c) d'fho-alt (1)*, go mbeartóidh an Bord rialacháin a dhéanamh lena dtoirmeascfar ar dhaoine, a chomhlíonann aon cheann de na feidhmeanna a luaitear i *mír (a)* den fho-alt sin, aon leas tairbhiúil a bheith acu san ioncam ó rásrianta con, déanfaidh an Bord fógra maidir lena bhfuil beartaithe a sheirbheáil ar gach ceadúnaí faoi cheadúnas rásriain con agus déanfaidh sé, má dhéanann aon cheadúnaí den sórt sin aon uirill i scríbhinn laistigh de 28 ón bhfógra sin, na huirill a bhreithniú.

(3) Aon duine—

- (a) a chomhlíonfaidh feidhm a bheidh toirmisce i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* i leith nithe dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)*,
- (b) a thabharfaidh cead rás con a bheith ar siúl i gcás nach mbeidh daoine nó oifigigh don Bhord mar a shonrófar i rialacháin de réir *mhír (b) d'fho-alt (1)* i láthair,
- (c) le linn toirmeasc a bheith curtha air nó uirthi aicme shonraithe nó aicmí sonraithe feidhmeanna a chomhlíonadh a bheidh toirmisce i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, a mbeidh leas tairbhiúil ag an duine sin san ioncam ó rásriain con nó san úinéireacht ar chú a rásáiltear air, a chuirfidh geall ar rás con air, nó
- (d) is ceadúnaí rásriain con nó is duine a chomhlíonann feidhm a bheidh sonraithe i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, a mbeidh leas tairbhiúil i ngeallghlacadóireacht ar an rásriain con aige nó aici agus i gcás go mbeidh sin toirmisce sna rialacháin,

contrártha do rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

- (4) I gcás go ndéanfaidh duine, seachas an ceadúnaí faoin gceadúnas rásriain con a bhaineann leis an rian lena mbaineann, *fo-alt (3)* a shárú agus go gcruthófar go ndearnadh an sárú amhlaidh le toiliú nó le cúlchheadú an cheadúnaí nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh an cheadúnaí, déanfaidh an ceadúnaí, chomh maith leis an duine sin, cion faoi *fho-alt (3)*.

Rialacháin chun rásrianta con agus rásaíocht con a rialáil

21. (1) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le rásrianta con a úsáid, a bhainistiú agus a rialú i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) ceadanna chun a cheadú do dhuine feidhmeanna bainisteora rásaíochta, cisí, breithimh, maor rialúcháin, maor ar stipinn, amchoimeádaí, tiománaí giorriacha nó oibrí conchró a chomhlíonadh ar rásriain con;
 - (b) toirmeasc a chur ar dhaoine feidhmeanna oibrí conchró a chomhlíonadh ach amháin faoi réim agus de réir cead arna dheonú faoi rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt seo chun críocha *mhír (a)*;
 - (c) faireachas leictreonach a oibriú ag rásrianta con nó ag codanna díobh;
 - (d) na tréimhsí den bhliain ar lena linn a fhéadfaidh rásaí con a bheith ar siúl ar rásrianta con;
 - (e) diúltú d'iontrálacha le haghaidh rásaí ar rásrianta con i gcás cúnna a mbeidh orduithe dícháiliúcháin i bhfeidhm ina leith;
 - (f) an nós imeachta maidir le cúnna, agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh roimh chúnna, a ghlacadh le haghaidh rásaí ar rásrianta con agus a bheith páirteach i rásaí ar rásrianta con;
 - (g) an nós imeachta maidir le cúnna a ghrádú chun bheith páirteach i rásaí ar rásrianta con agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh roimh chúnna a ghlacadh le haghaidh rásaí grádaithe agus a bheith páirteach i rásaí grádaithe;
 - (h) an cineál agus an líon oifigeach a bheidh le ceapadh ag rásriain con;
 - (i) feidhmeanna agus dualgais oifigeach (lena n-áirítear bainisteoir rásaíochta, cisí, breitheamh, maor rialúcháin, maor ar stipinn, amchoimeádaí, tiománaí giorriacha nó oibrí conchró) i ndáil le rásaíocht con;
 - (j) foráil a dhéanamh maidir le dualgais ceadúnaí rásriain con;
 - (k) a cheangal go soláthrófar daoine chun feidhmeanna sonraithe a chomhlíonadh ar rásrianta con;
 - (l) ceadúnaithe faoi cheadúnais rásriain con do dhéanamh ráscháirte le haghaidh rásaí ar rásrianta con a fhoilsiú agus a dhíol agus an fhaisnéis arna tabhairt sna cártaí sin maidir leis na cúnna a bheidh páirteach i rásaí;
 - (m) cúnna a choimeád agus a mhaoirsiú díreach roimh dóibh agus tar éis dóibh a bheith páirteach i rásaí ar rásrianta con;

- (n) maidir le rásaí ar rásrianta con, an modh ar a dtosófar iad, ar a n-oibreofar an mheicníocht a bhaineann leo, ar a ndéanfar iad a uainiú agus ar a dtabharfar breithiúnas orthu;
 - (o) ceadúnaithe faoi cheadúnais rásriain con do dhéanamh faisnéis a thairfeadh agus a fhoilsiú, is faisnéis a bhaineann le cúnna a bheith páirteach agus lena bhfeidhmíocht (lena n-áirítear iompar) i rásaí ar rásrianta con;
 - (p) feistí cumarsáide leictreonaí a úsáid ag rásrianta con;
 - (q) a cheangal go ndéanfaidh ceadúnaí an riain leabhair, cuntais agus taifid shonraithe a choimeád i ndáil le rásrianta con;
 - (r) a cheangal go ndéanfar tuairisceáin agus faisnéis shonraithe i ndáil le rásrianta con a thabhairt don Bhord.
- (2) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le rásaí con a sheoladh (lena n-áirítear ionracas agus cothrom na féinne i rásaí a chur chun cinn) i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) coinníollacha a shocrú maidir le cé acu de na cúnna ó dhlínsí eile a fhéadfaidh a bheith páirteach i rás con sa Stát;
 - (b) teicneolaíocht faisnéise, lena n-áirítear tairfeadh digiteach, a úsáid chun ionracas an spóirt a chinntiú;
 - (c) duine nach bhfuil cead nó ceadúnas aige nó aici a thoirmeasc ó fheidhmeanna nó gníomhaíochtaí áirithe i dtionscal na gcon a chomhlíonadh;
 - (d) na nósanna imeachta a sholáthar maidir le cú a cháiliú chun rásála;
 - (e) foráil a dhéanamh maidir leis na himthosca nach gceadaítear do chú rásáil iontu;
 - (f) nósanna imeachta a sholáthar maidir le cú a iontráil i rás con nó a tharraingt siar as;
 - (g) foráil a dhéanamh maidir le trealamh nó nithe eile a fhéadfar a úsáid chun cú rásaíochta a thraenáil nó a rásáil;
 - (h) nósanna imeachta agus critéir a sholáthar maidir leis an mBord do choinneáil duaiseanna airgid nó cuid díobh;
 - (i) cúnna rásaíochta a mhaoirsiú ar rásrianta con;
 - (j) foráil a dhéanamh maidir le rásaí con a réachtáil ar mhodh sábháilte cothrom, lena n-áirítear—
 - (i) rásaí a thosú, meicníochtaí a úsáidtear i rásaí a oibriú, uainiú agus fad rásaí,
 - (ii) nithe a cheadaítear ar chú (amhail féasraigh),
 - (iii) trealamh a cheadú,
 - (iv) dálaí an rásriain con agus na limistéar coimhdeacha,
 - (v) limistéir shrianta agus an aicme nó na haicmí daoine a bhfuil cead acu dul isteach sna limistéir shrianta agus na himthosca ina bhféadfaidh daoine a bheith i limistéir shrianta,

- (vi) cúnna a ghrádú, rásaí a ghrádú nó rásaí a fhionraí,
 - (vii) imthosca ina bhféadfar a dhearbhu gur “Neamhrás” é rás con, agus
 - (viii) mar a dhéileáiltear le geallta ar rásaí con in imthosca sonraithe;
- (k) nós imeachta gearán a bhunú chun déileáil le gearáin i gcoinne oifigigh don Bhord nó sealbhóir ceada faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* chun críocha *mhír (a)* den *fho-alt* sin;
 - (l) socruithe a dhéanamh chun déileáil le sindeacáití ar leo cúnna rásaíochta nó chun déileáil le hilúinéirí;
 - (m) smachtbhannaí arna bhforchur ag dlínsí coigríche rásaíochta con a aithint;
 - (n) cú a ndéantar smachtbhanna ó dhlínse coigríche rásaíochta con ina thaobh nó ina taobh a thoirmeasc óna iontráil i rás con sa Stát;
 - (o) nósanna imeachta chun déileáil le dearbhú mícheart a dhéanamh maidir le cú i rásaí, trialacha, traenáil agus díolacháin con;
 - (p) gníomhartha nó neamhghníomhartha ar dóigh leis an mBord go dtarraingeoidh siad míchlú ar an spórt a thoirmeasc;
 - (q) foráil a dhéanamh maidir le boscaí scaoilte a leithroinnt ar chúinna agus cúnna a réimniú agus cúnna cúltaca a úsáid;
 - (r) foráil a dhéanamh maidir le rásaí a aicmiú agus tuairisc a thabhairt orthu agus maidir le seoladh na rásaí sin nuair a dhéantar iad a aicmiú amhlaidh.
- (3) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh chun rásaíocht con a riar go cuí agus go héifeachtúil i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) rásaíocht con a chur chun cinn;
 - (b) muirir i ndáil le ceadúnais nó ceadanna a shocrú;
 - (c) nósanna imeachta a sholáthar maidir le cúnna rásaíochta a chlárú;
 - (d) nósanna imeachta a sholáthar maidir le cúnna rásaíochta a ghrádú;
 - (e) mionsonraí úinéirí, traenáilaithe agus páirtithe leasmhara eile i gcú rásaíochta, i rásrian con nó i bhfiontar rásaíochta con a fhoilsiú;
 - (f) ráschártaí nó faisnéis eile atá ar úinéireacht, nó á sealbhú, ag an mBord a fhoilsiú agus a dhíol;
 - (g) foráil a dhéanamh maidir le trialacha a sheoladh;
 - (h) foráil a dhéanamh maidir le cú rásaíochta a fhéadfaidh a bheith ina chontúirt do dhuine nó do chú eile a láimhseáil agus a thabhairt chun siúil ón rásrian, ó thrialacha nó ó dhíolachán poiblí;
 - (i) nósanna imeachta a sholáthar maidir le duaiseanna do rásaíocht con a chinneadh agus a bhronnadh.
- (4) Féadfaidh an Bord muirir a ghearradh as cú a iontráil i rás con.

- (5) Aon duine a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoin alt seo, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífeá smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.

Treoirlínte i ndáil le rásrianta con

- 22.** (1) Féadfaidh an Bord treoirlínte a eisiúint d'fhonn rásrianta con a bhunú, a leagan amach, a fhoirgníú agus a chothabháil nó d'fhonn trealamh a úsáid ag na rianta sin.
- (2) Cuirfidh an Bord faoi deara go bhfoilseofar cóip de threoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo ar a shuíomh gréasáin agus go gcuirfeá ar fáil í i scríbhinn do cheadúnaithe ceadúnas rásriain con a luaithe is indéanta.
- (3) Beidh aird ag an mBord ar threoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo le linn coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnas rásriain con nó le linn ceadúnas den sórt sin a chúlghairm nó a fhionraí.
- (4) Ní dhéanfaidh treoirlínte arna n-eisiúint faoin alt seo difear d'aon ní a cheanglaítear a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018.

Aisghairm

- 23.** Aisghairtear alt 25 den Phríomh-Acht.

CUID 4

RIALACHÁIN ETC. A BHAINNEANN LE TIONSCAL NA gCON

Cúnna a thraenáil ar luaíocht

- 24.** (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh chun traenáil cúnna ar luaíocht a rialú i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) toirmeasc a chur ar dhaoine cúnna a thraenáil ar luaíocht ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnais faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo arna ndeónú ag an mBord;
- (b) ceadúnais nó aicmí ceadúnas chun cúnna a thraenáil ar luaíocht;
- (c) ceadúnaithe do choimeád taifead;
- (d) ceadúnaithe do thabhairt faisnéise don Bhord;
- (e) caighdeáin a shocrú maidir le conchróite, réimsí madraí, stóráil bia agus trealamh slándála a chothabháil;
- (f) coinníollacha a shocrú maidir le leigheasanna ainmhithe a stóráil;
- (g) cúram a sholáthar do chú lena n-áirítear cúram tréidliachta;
- (h) caighdeáin a shocrú maidir le beatha agus uisce a sholáthrófar do chú agus foinse na beatha agus an uisce sin;

- (i) cúnna a chosaint ar risíocht le héilleáin;
 - (j) caighdeáin a shocrú maidir le dea-bhainistiú conchróite agus saoráidí traenála do chúnna;
 - (k) caighdeáin a shocrú maidir le pearsanra atá fostaithe chun cúnna a thraenáil (lena n-áirítear riachtanais traenála);
 - (l) caighdeáin a shocrú maidir le cúram agus leas cúnna atá á dtraenáil.
- (2) Aon duine a dtoirmeascfar air nó uirthi le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* chun críocha *mhír (a)* den fho-alt sin cúnna a thraenáil ar luaíocht, ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnas arna dheonú ag an mBord, agus a dhéanfaidh, gan ceadúnas den sórt sin, cúnna a thraenáil ar luaíocht, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.
- (3) Aon cheadúnaí faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoin bhfo-alt sin, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífear smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.
- (4) Aisghairtear fo-ailt (1), (2) agus (3) d'alt 37 den Phríomh-Acht.

Díolachán poiblí cúnna

25. (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh chun tionól agus seoladh díolachán poiblí cúnna a rialú i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) toirmeasc a chur ar dhaoine díolacháin poiblí cúnna a thionól ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnais arna ndeonú ag an mBord faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo;
 - (b) ceadúnais nó aicmí ceadúnas chun díolachán poiblí cúnna a thionól agus a sheoladh;
 - (c) ceadúnaithe do choimeád taifead agus na taifid sin a thabhairt ar aird lena n-íniúchadh agus oifigigh údaraithe do dhéanamh cóipeanna díobh nó do thógáil sleachta astu;
 - (d) ceadúnaithe do thabhairt faisnéise don Bhord;
 - (e) an nós imeachta maidir le cúnna, agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh roimh chúnna, a ghlacadh lena ndíol;
 - (f) toirmeasc a chur ar dhaoine gníomhú mar cheantálaithe ag díolacháin, ach amháin faoi réim agus de réir ceadanna arna ndeonú ag an mBord faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo nó i gcás go gceadóidh an Bord iad, thairis sin, faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo nó ach amháin nuair a cheapfaidh an Bord iad mar cheantálaithe;
 - (g) ceadanna nó ceaduithe chun gníomhú mar cheantálaithe ag díolacháin poiblí cúnna;
 - (h) daoine a mbeidh díolacháin poiblí cúnna á dtionól acu d'fhoilsiú catalóga díolachán agus an fhaisnéis a bheidh le tabhairt iontu maidir le cúnna a bheidh le díol agus eile;
 - (i) daoine a mbeidh díolacháin poiblí cúnna á dtionól acu do dhéanamh faisnéis maidir le torthaí na ndíolachán a thairfeadh agus a fhoilsiú;

- (j) doiciméid (lena n-áirítear deimhnithe agus ráthaíochtaí) a thabhairt do dhaoine a bheidh ag ceannach cúnna ag díolacháin;
 - (k) trialacha a thionól ag díolacháin i leith cúnna a bheidh le tairiscint lena ndíol;
 - (l) samplaí a thógáil ó chúnna chun substaintí a bhrath ag díolacháin phoiblí;
 - (m) dualgais daoine a mbeidh díolacháin phoiblí á dtionól acu;
 - (n) na coinníollacha díola ag díolacháin phoiblí;
 - (o) cineál agus líon na n-oifigeach a bheidh le ceapadh ag díolachán poiblí;
 - (p) feidhmeanna oifigigh ag díolachán poiblí;
 - (q) an coimisiún díola ag díolachán poiblí a shocrú.
- (2) Aon duine a dtoirmeascfar air nó uirthi le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* díolacháin phoiblí cúnna a thionól, ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnas arna dheonú ag an mBord, agus a thionólfaidh díolachán poiblí cúnna gan an ceadúnas sin, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.
- (3) Aon duine a dtoirmeascfar air nó uirthi le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* gníomhú mar cheantálaí ag díolachán poiblí cúnna, ach amháin faoi réim agus de réir cead nó ceadú arna dheonú ag an mBord, agus a thionólfaidh díolachán den sórt sin gan an cead nó an ceadú sin, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.
- (4) Aon cheadúnaí nó sealbhóir ceadá nó ceadaithe faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífeair smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.
- (5) Aisghairtear alt 38 den Phríomh-Acht.

Inseamhnú saorga cúnna

26. (1) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena rialófar cleachtas an inseamhnaithe shaorga ar chúnna i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) a thoirmeasc ar dhaoine a bheith ag gabháil do chleachtas an inseamhnaithe shaorga ar chúnna ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnais arna ndéonú ag an mBord faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo;
 - (b) ceadúnais nó aicmí ceadúnas chun bheith ag gabháil do chleachtas an inseamhnaithe shaorga ar chúnna;
 - (c) ceadúnaithe do choimeád taifead agus na taifid sin a thabhairt ar aird lena n-iniúchadh agus oifigigh údaraithe do dhéanamh cóipeanna de na taifid sin nó do thógáil sleachta astu;
 - (d) ceadúnaithe do thabhairt faisnéise don Bhord;

- (e) feidhmeanna áirithe nó aicmí áirithe feidhmeanna i ndáil le hinseamhnú saorga cúnna a tharmligean chuig an gClub agus maidir leis an mBord do mhaoirsiú na bhfeidhmeanna sin;
 - (f) daoine a cheadú chun inseamhnú saorga a dhéanamh agus ionaid le haghaidh inseamhnú saorga, nó aicmí de na hinseamhnaitheoirí agus de na hionaid sin a cheadú;
 - (g) cleachtóirí tréidliachta a cheadú a bheidh ceaptha chun oibríochtaí a mhaoirsiú agus a rialú sna hionaid sin;
 - (h) caighdeáin agus nósanna imeachta a bheidh le leanúint ag cleachtóirí tréidliachta a shocrú agus maidir leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta a bheidh le hurramú sna hionaid sin agus le haghaidh na n-inseamhnuithe sin;
 - (i) athairchúnna a úsáidtear nó a úsáidfear le haghaidh inseamhnú saorga sna hionaid sin a cheadú;
 - (j) cúnna arna seirbheáil trí inseamhnú saorga sna hionaid sin a chlárú agus a thairfeadh;
 - (k) faisnéis i leith an inseamhnaithe shaorga sin a bheidh le tairfeadh agus maidir le scéala ina leith sin a thabhairt don Bhord nó don Chlub;
 - (l) uaslíon na seirbheálacha cláraithe trí inseamhnú cúnna is incheadaithe le linn tréimhse ama shonraithe a shocrú, i ndáil le hathairchúnna i gcoitinne nó i ndáil le haicmí athairchúnna nó i ndáil le hathairchúnna aonair;
 - (m) bearta lena rialófar nó lena dtairmeascfar úsáid a bhaint as seamhan arna dhíorthú ó athairchúnna a fuair bás;
 - (n) bearta a bhaineann le sláinte agus leas cúnna sna hionaid sin;
 - (o) rannpháirtíocht na n-ionad agus na gcúnna sin i staidéir maidir le sláinte ghéiniteach cúnna.
- (2) Féadfaidh an Bord muirir a ghearradh i leith inseamhnú saorga cúnna is muirir a bheidh le híoc leis an mBord nó leis an gClub.
- (3) Aon duine a dtairmeascfar air nó uirthi, le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* chun críocha *mhír (a)*, a bheith ag gabháil d'inseamhnú saorga cúnna ach amháin faoi réim agus de réir ceadúnas arna dheonú ag an mBord, agus a ghabhfaidh d'inseamhnú saorga cú gan ceadúnas den sórt sin, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi.
- (4) Aon cheadúnaí faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífear smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.
- (5) Aisghairtear alt 39 den Phríomh-Acht.

Substaintí a thabhairt do chúnna

27. (1) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le substaintí a rialú, a shrianadh, a thairmeasc nó a thabhairt do chú i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- (a) substaintí nó aicmí substaintí a shonrú a bheidh le toirmeasc nó le rialú;
- (b) tástáil a dhéanamh ar chú chun substaintí a bhrath a fhearfaidh ar fheidhmíocht;
- (c) substaintí nó aicmí substaintí nach ceadmhach a thabhairt do chú rásaíochta a liostáil;
- (d) substaintí nó aicmí substaintí a fhéadfadh a thabhairt do chú rásaíochta a liostáil agus na himthosca agus na coinníollacha a shocrú a bheidh ag gabháil lena dtabhairt amhlaidh;
- (e) teorainneacha iarmhair a shocrú i leith substaintí nó meitibilítí substaintí is féidir a bhrath i samplaí arna dtógáil ó chú rásaíochta faoi threoir na substainte agus chineál an tsampla arna thógáil ón gcú;
- (f) foráil a dhéanamh maidir leis na tréimhsí tar éis substaint a thabhairt ar lena linn nach bhféadfaidh cú a bheith páirteach i rásaíocht con, i dtrialacha nó i ndíolacháin;
- (g) a cheangal go ndéanfar taifid a chothabháil i ndáil le cógas, cóireáil, traenáil agus rásaíocht cú rásaíochta dar tugadh substaint dá dtagraítear i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo agus go ndéanfar na taifid sin a sholáthar don Bhord;
- (h) toirmeasc a chur, nó rialú a dhéanamh, ar chógas nó ar aicme cógas a úsáid, is cuma cé acu a fhearfaidh nó nach bhfearfaidh sé nó sí ar fheidhmíocht;
- (i) na próisis nó na nósanna imeachta a leagan síos trína bhféadfadh a chinneadh go bhfearfaidh substaintí ar fheidhmíocht cúnna;
- (j) na tairseacha (más ann) a dhearbhu ag a measfar go mbeidh leibhéal na substaintí sin in aon samplaí arna dtógáil ó chúnna faoi bhun leibhéal a fhágfaidh nach bhfearfaidh an tsubstaint atá i gceist ar rásaíocht nó nach mbeidh éifeacht aici ar shlí eile ar an gcú, agus féadfadh a mheas, dá bhrí sin, maidir leis an leibhéal sin, gur leibhéal neamhiomchuí é;
- (k) na modheolaíochtaí trína bhféadfadh na tairseacha sin a chinneadh, lena n-áirítear cibé modhanna réasúnacha a úsáidfear chun na leibhéil a chinneadh, ag féachaint do chomhairle agus do mholtaí an Choiste Chomhairligh Eolaíoch;
- (l) tairseacha a dhearbhu i gcás go measfar gurb inmhianaithe comhréireacht a chinntiú le dlínsí rásaíochta con eile a bhfuil baint ag rásaíocht con na hÉireann leo, nó i gcás ina mbeidh comhaontú déanta idir an Bord agus dlínsí rásaíochta con eile;
- (m) rialuithe a bheidh le hoibriú ag daoine a bheidh páirteach i rásaíocht con (de réir bhrí *alt 43(4)*) i ndáil le cúnna atá á dtraenáil nó ag rásaí nó trialacha, nó ar díol, agus maidir leis na taifid arna gcoimeád ag úinéirí nó traenáilaithe nó ag na daoine eile sin;
- (n) rialuithe a bheidh le hoibriú ag rásrianta con i ndáil le dópáil a dhéanamh agus cógas a rialú;
- (o) sampla a thógáil ó chú, cibé acu atá sé á thraenáil nó ag rásaí nó trialacha, nó ar díol, agus cibé acu go hamasach nó mar gheall ar dhrochamhras nó ar aon mhodh réasúnach roghnóireachta eile;
- (p) próisis anailíseacha lena bhféadfadh, nó modhanna anailíseacha ar a bhféadfadh, a chinneadh go bhfuil substaint i samplaí nó i nithe eile, maidir leis na próisis lena bhféadfadh, nó na modhanna ar a bhféadfadh, leibhéil na substaintí sna samplaí nó sna nithe eile sin a chinneadh, agus maidir leis an leibhéal inghlactha cruinnis a

ghabhfaidh leis na cinntí sin, ag féachaint do chomhairle agus do mholtaí an Choiste Chomhairligh Eolaíoch;

- (q) a fhoráil go bhféadfar próisis nó modhanna anailíseacha a ghlacadh chun comhréireacht a chinntiú le próisis nó modhanna anailíseacha a úsáidtear i ndlínsí rásaíochta con eile;
 - (r) saotharlanna a cheadú chun anailís a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ó chú faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo;
 - (s) torthaí aon anailíse a fhoilsiú agus cibé faisnéis a fhoilsiú a mheasfar a bheith cuí i ndáil leis an gcú atá i gceist.
- (2) Féadfaidh an Bord mionsonraí (lena n-áirítear ainm agus seoladh an úinéara agus an traenálaí agus ainm an mhadra agus na substaint) a fhoilsiú i dtaobh sáruithe ar rialacháin um shubstaintí a mbeidh smachtbhanna rásaíochta forchurtha ina leith.
- (3) I gcás go mbraithfear na nithe seo a leanas a bheith i sampla ó chú—
- (a) substaint thoirmisce, nó
 - (b) substaint a mbeidh uasteorainn iarmhair socraithe ina leith agus sárú déanta ar an teorainn sin,
- beidh an cú sin dícháilithe le haghaidh rásaíochta agus trialacha faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo—
- (i) go dtí go n-éireoidh leis an gcú torthaí diúltacha a bhaint amach i dtástáil dá éis sin, agus
 - (ii) i gcás gur substaint í an tsubstaint, nó gur substaint de chuid aicme substaintí í an tsubstaint, arb ina leith a bheidh breith tugtha ag an mBord, ag féachaint do mholadh ón gCoiste Comhairleach Eolaíoch, gur chóir tréimhse dhícháiliúcháin bhreise a bheith i bhfeidhm, is tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an tsubstaint sin fearadh fós ar fheidhmíocht an chú, ar feadh cibé tréimhse i ndiaidh na tástála sin.
- (4) Aon duine a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoin alt seo, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhannaí rásaíochta é, nó a dhéanfaidh cú a rásáil nó a thriail de shárú ar *fho-alt (3)*, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífead smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.

Inlorgaitheacht cúnna – bunachar sonraí inlorgaitheachta

28. (1) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le clárú agus inlorgaitheacht cúnna i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) foráil a dhéanamh chun úinéirí cúnna nó sealbhóirí ar cheadúnais arna ndeonú chun críocha *mhír (b)*, nó iad sin araon, a chlárú sa bhunachar sonraí inlorgaitheachta roimh dóibh gabháil do ghníomhaíochtaí rásaíochta con, lena n-áirítear cúnna a thriail, a phórú, a thraenáil, a dhíol nó a rásáil;
 - (b) aicmí úinéirí a cheadúnú;
 - (c) a cheangal ar úinéirí cúnna cúnna atá beartaithe chun gníomhaíochtaí rásaíochta con a chlárú sa bhunachar sonraí inlorgaitheachta;

- (d) forálacha a dhéanamh maidir leis na coinníollacha a bheidh ag gabháil le clárú agus maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a choimeád sa bhunachar sonraí inlorgaitheachta;
 - (e) a cheangal ar úinéirí, póraitheoirí nó traenáilaithe na gcúnna sin fógra a thabhairt don Bhord i dtaobh teagmhais shonraithe saoil;
 - (f) na teagmhais saoil a shonrú nach mór fógra a thabhairt ina dtaobh de réir na rialachán (is teagmhais ar a bhféadfar a áireamh breith, díol, fáil, bás, cailleadh, cóireáil in aghaidh galair nó díobhála, traenáil, iontrálacha i rásaí, teagmhais ghraí nó phórucháin, seamhan nó suthanna a bhailiú, tuarascálacha stádais tréimhsiúla, díobhálacha riain, tástálacha agus torthaí, lena n-áirítear fionnachtana neamhfhabhracha anailiseacha i ndáil le rialacháin um shubstaintí, láithriú ag díolacháin, onnmhairiú, cionta faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* nó smachtbhannaí rásaíochta);
 - (g) a cheangal ar úinéir, póraitheoir nó traenálaí cú mionsonraí a sholáthar don Bhord i dtaobh coimeádaí cú agus i dtaobh an tsuímh ina bhfuil cú á choimeád;
 - (h) ceanglais i leith céannú leictreonach cúnna (lena n-áirítear aon fheiste leictreonach a ionphlandú i gcú nó a cheangal de chú).
- (2) Féadfaidh an Bord, nó féadfaidh duine eile thar a cheann, bunachar sonraí i gcomhair clárú agus inlorgaitheacht cúnna (dá ngairtear an “bunachar sonraí inlorgaitheachta” san alt seo) a bhunú agus a chothabháil d’fhonn mionsonraí i dtaobh nithe dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* a choimeád.
- (3) Aon duine a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhanna rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífead smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.

Leas cúnna rásaíochta

29. (1) Féadfaidh an Bord, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire, rialacháin a dhéanamh maidir le sláinte agus leas cúnna rásaíochta i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) a cheangal ar úinéir, póraitheoir nó traenálaí cú rásaíochta bearta a dhéanamh chun sláinte agus leas an chú a chosaint;
 - (b) a cheangal ar úinéir, póraitheoir nó traenálaí cú rásaíochta fógra a thabhairt don Bhord i dtaobh bearta a bheidh déanta i leith an chú chun ceanglais rialachán arna ndéanamh faoin alt seo chun críocha *mhír (a)* a chomhlíonadh;
 - (c) cistí i gcomhair sláinte agus leas cúnna a bhunú agus a riaradh, lena n-áirítear foráil a dhéanamh chun cúnna a athshocrú, ag deireadh a réimeanna rásaíochta nó pórucháin;
 - (d) foráil a dhéanamh chun go ndiúltófar cú rásaíochta a bhfuil galar air, nó a bhféadfaidh galar a bheith air, a ligean isteach ar rásrianta, i dtrialacha agus i ndíolacháin phoiblí, nó chun é a thabhairt chun siúil as rásrianta, trialacha agus díolacháin phoiblí;
 - (e) foráil a dhéanamh chun cóireáil a chur ar chú rásaíochta a bhfuil galar nó oibreán galair nó díobháil air.

- (2) Aon duine a sháróidh rialachán arna dhéanamh faoin alt seo, is sárú a bheidh sonraithe sna rialacháin gur sárú ar fhoráil maidir le smachtbhannaí rásaíochta é, déanfaidh sé nó sí sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta agus dlífear smachtbhanna rásaíochta a chur air nó uirthi.

CUID 5

NITHE A BHAINNEANN LE CEADÚNÚ FAOI CHODANNA 3 AGUS 4

Míniú (Cuid 5)

30. Sa Chuid seo, ciallaíonn “ceadúnas, cead nó ceadú” ceadúnas, cead nó ceadú arna dheonú ag an mBord faoi *alt 31* i leith ceadúnas, cead nó ceadú dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi *Chuid 3* nó *4*.

Ceadúnais, ceadanna agus ceaduithe

31. (1) Maidir le hiarratas ar cheadúnas, cead nó ceadú nó iarratas ar an gcéanna a athnuachan dá bhforáiltear faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *Chuid 3* nó *4*, féadfaidh an Bord é a dheonú nó diúltú é a dheonú.
- (2) Aon iarratas ar cheadúnas, cead nó ceadú, beidh sé i cibé foirm, agus beidh ag gabháil leis an muirear cuí agus cibé faisnéis agus doiciméadacht, a chinnfidh an Bord.
- (3) Diúltóidh an Bord d’iarratas más rud é—
- (a) nach mbeidh an muirear cuí ag gabháil leis an iarratas, nó
 - (b) go mainneoidh an t-iarratasóir faisnéis nó doiciméadacht a theastóidh ón mBord a sholáthar don Bhord.
- (4) Féadfaidh an Bord coinníollacha a chur ag gabháil le ceadúnas, cead nó ceadú.
- (5) Féadfaidh an Bord, trí fhógra arna sheirbheáil ar an sealbhóir ar cheadúnas, cead nó ceadú, aon choinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gcéanna a chúlghairm nó a athrú.
- (6) San alt seo, ciallaíonn “muirear cuí” cibé muirir arna ngearradh ag an mBord i leith ceadúnas, cead nó ceadú a dheonú nó a athnuachan.

Muirir i leith ceadúnas, ceadanna nó ceaduithe

32. Féadfaidh an Bord muirir a ghearradh i leith ceadúnas, cead nó ceadú a dheonú nó a athnuachan agus féadfar muirir éagsúla a ghearradh i leith aicmí éagsúla ceadúnais, ceadanna nó ceadaithe.

Ceadúnais, ceadanna nó ceaduithe a chúlghairm nó a fhionraí

33. I gcás go mainneoidh an sealbhóir ar cheadúnas, cead nó ceadú coinníoll a bheidh ag gabháil leis a chomhlíonadh, féadfaidh an Bord an ceadúnas, an cead nó an ceadú a fhionraí ar feadh cibé tréimhse is cuí leis nó é a chúlghairm.

Uirill

34. Aon uair a bheartóidh an Bord faoi *alt 31* diúltú ceadúnas, cead nó ceadú a dheonú nó a athnuachan, nó ceadúnas, cead nó ceadú a fhionraí nó a chúlghairm, tabharfaidh sé scéala i scríbhinn don iarratasóir nó do shealbhóir an cheadúnais, an cheada nó an cheadaithe i dtaobh a bhfuil beartaithe agus i dtaobh na gcúiseanna go bhfuil sé sin beartaithe agus déanfaidh sé, má dhéanann an t-iarratasóir nó an sealbhóir aon uirill, nó má dhéantar aon uirill thar ceann an iarratasóra nó an tsealbhóra, tráth nach déanaí ná 14 lá nó cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an Bord ón dáta a sheirbheálfar an scéala, na huirill a bhreithniú.

CUID 6**OIFIGH ÚDARAITHE****Oifigh údaráithe**

35. (1) Féadfaidh an Bord cibé daoine nó aicmí daoine is cuí leis a cheapadh, i scríbhinn, chun bheith ina n-oifigh údaráithe chun gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna a fheidhmiú a thugtar d'oifigeach údaráithe faoin gCuid seo agus a shonrófar sa cheapachán.
- (2) Féadfaidh an Bord ceapachán oifigh údaráithe a bheidh ceaptha aige a fhoirceannadh, cibé acu ba cheapachán i gcomhair tréimhse shocraithe nó chun críche sonraithe é an ceapachán nó nárbh ea.
- (3) Scoirfidh ceapachán duine mar oifigeach údaráithe—
- (a) má fhoirceanntar de réir *fho-alt (2)* é,
- (b) más ceapachán i gcomhair tréimhse shocraithe é, ar dhul in éag don tréimhse sin,
- (c) más ceapachán chun críche sonraithe é, ar an gcríoch sin a chomhall, nó
- (d) más rud é, maidir leis an duine a cheapfar—
- (i) gur fostaí de chuid an Bhoird é nó í, ar é nó í do scor de bheith ina fhostaí nó ina fostaí, nó
- (ii) gur duine d'aicme daoine é nó í, ar é nó í do scor de bheith ina dhuine nó ina duine den sórt sin.
- (4) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (3)* mar ní lena gcoiscfear ar an mBord duine lena mbaineann *fo-alt (3)* a athcheapadh mar oifigeach údaráithe.
- (5) Aon oifigeach údaráithe a cheapfar faoin alt seo, tabharfar barántas a cheaptha nó a ceaptha dó nó di agus, le linn dó nó di feidhm a thugtar dó nó di mar oifigeach údaráithe a fheidhmiú, déanfaidh an t-oifigeach an barántas, nó fianaise eile (lena n-áirítear doiciméad céannachta a bhaineann leis an oifigeach faoi alt 17 den Acht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993) gur oifigeach den sórt sin é nó í, a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó lena hiniúchadh má iarrann duine dá ndéanfar difear air nó uirthi é.

Imscrúduithe ag oifigh údaráithe

36. (1) Aon oifigeach údaráithe a bheidh i láthair ag aon ráschruinniú nó ag aon triail ag rásrian con nó ag aon díolachán poiblí cúnna, féadfaidh sé nó sí imscrúdú a dhéanamh ar aon

teagmhas a thabharfaidh sé nó sí faoi deara nó a chuirfear i bhfios dó nó di i ndáil le haon rás ag an ráschruinniú nó ag an triail, i ndáil le feidhmíocht (lena n-áirítear iompar) aon chú ag an ráschruinniú nó ag an triail nó i ndáil le haon díol ag an díolachán poiblí.

- (2) Déanfaidh oifigeach údaraithe fionnachtana aon imscrúdaithe a bheidh déanta aige nó aici faoin alt seo a thuairisciú don Bhord.
- (3) Aisghairtear fo-alt (1) d'alt 44 den Phríomh-Acht.
- (4) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta na bhfeidhmeanna a thugtar d'oifigeach údaraithe faoi *alt 37*.

Feidhmeanna oifigeach údaraithe

37. (1) D'fhonn sárú amhrasta ar an gCód rásaíochta a imscrúdú nó d'fhonn comhlíonadh na *nAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* a fhorfheidhmiú nó a chinntiú, féadfaidh oifigeach údaraithe:
- (a) dul isteach (mura bhfuil sé nó sí ansin cheana), gach tráth réasúnach, ar aon rásrian con nó in aon áit a úsáidtear chun cúnna a dhíol go poiblí nó chun cúnna a thraenáil nó a phóru agus an céanna a iniúchadh d'fhonn a chinntiú i gcoitinne go bhfuil an tAcht seo á chomhlíonadh nó i gcás go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—
 - (i) go bhfuil cú ann, go mb'fhéidir go bhfuil cú ann nó go raibh cú ann,
 - (ii) go bhfuil taifead a bhaineann le cú ann, go mb'fhéidir go bhfuil taifead den sórt sin ann nó go raibh taifead den sórt sin ann, nó
 - (iii) go bhfuil aon substaint, trealamh, innealra nó ní eile a úsáidtear i dtaca le cú ann, go mb'fhéidir go bhfuil an céanna ann nó go raibh an céanna ann;
 - (b) cú, beatha d'ainmhithe, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a scrúdú ar an rásrian sin nó san áit sin;
 - (c) scanadh leictreonach a dhéanamh, ar an rásrian sin nó san áit sin, ar aon fheiste céannaithe leictreonaigh atá ceangailte de chú nó ionphlandaithe i gcú de réir rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 28 (1)* chun críocha *mhír (h)* den fho-alt sin nó scanadh a dhéanamh ar an gcú chun féachaint an bhfuil feiste den sórt sin ceangailte den chú nó ionphlandaithe ann de réir na rialachán sin;
 - (d) a cheangal ar an duine a bhfuil cú, beatha d'ainmhithe, substaint, trealamh, innealra, nó ní eile, ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, a ainm nó a hainm, agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt;
 - (e) a cheangal aon cheadúnas nó aon chead arna dheonú faoin Acht seo a thabhairt ar aird lena iniúchadh;
 - (f) a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis a thabhairt dó nó di a mheasfaidh sé nó sí le réasún a bheith riachtanach;
 - (g) iniúchadh a dhéanamh, ar an rásrian sin nó san áit sin, ar fheithicil, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a úsáidtear i dtaca le cú nó beatha d'ainmhithe agus a cheangal ar dhuine atá i bhfeighil an chéanna nó a bhfuil an céanna faoina rialú staonadh óna aistriú nó óna bheith ag cur isteach air nó uirthi;

- (h) a cheangal ar an gceadúnaí nó ar an duine atá i bhfeighil an rásriain, ar úinéir nó áititheoir na háite nó ar an duine atá i bhfeighil na háite, nó ar úinéir an chú nó na beatha d’ainmhithe nó na feithicle, na substainte, an trealamh nó an innealra, nó ar an duine atá i bhfeighil an chéanna, cibé taifid a thabhairt ar aird don oifigeach (agus i gcás taifead arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite, cóip i bhfoirm inléite a thabhairt ar aird dó nó di) atá i seilbh an duine nó ar fáil aige nó aici, nó faoi rialú an duine, a theastóidh le réasún ón oifigeach;
- (i) iniúchadh a dhéanamh ar aon taifead (lena n-áirítear atáirgeadh inléite de cheann atá á stóráil i bhfoirm neamh-inléite) nó ar shleachta as an taifead a gheobhaidh an t-oifigeach nó a thabharfar ar aird dó nó di le linn iniúchadh a dhéanamh agus cóipeanna a dhéanamh den chéanna;
- (j) samplaí a thógáil, gan focaíocht a dhéanamh, ó chú, beatha d’ainmhithe, uisce, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a bhaineann le cú, agus a theastóidh le réasún uaidh nó uaithi, agus cibé tástálacha, anailísí, scrúduithe nó iniúchtaí a dhéanamh ar an sampla a mheasfaidh sé nó sí a bheith riachtanach nó fóirsteanach, nó a chur faoi deara an céanna a dhéanamh, agus an céanna a mharcáil nó a chéannú ar shlí eile;
- (k) cú a gheofar ar an rásrian sin nó san áit sin a shríanadh.
- (2) Chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo, féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine a bhfuil cú ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú in áit phoiblí cead a thabhairt don oifigeach nó do chleachtóir tréidliachta an t-ainmhí a scrúdú.
- (3) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine faisnéis a thabhairt, nó aon taifead a thabhairt ar aird lena iniúchadh, i dtaobh úinéireacht agus céannacht cú nó i dtaobh beatha d’ainmhithe, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a bhaineann leis an gcú agus is eol don duine nó atá ar fáil aige nó aici.
- (4) I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag oifigeach údaraithe chun a chreidiúint—
- (a) go bhfuil baol galair ann,
- (b) go bhfuil baol ann do shláinte nó do leas cú,
- (c) go bhfuil an Cód rásaíochta á shárú,
- (d) go bhfuil ordú dícháiliúcháin á shárú, nó
- (e) go mb’fhéidir go bhfuil, go bhfuil nó go raibh fianaise a bhaineann le *mir* (a), (b), (c) nó (d) ar aon talamh nó in aon áitreabh, nó i bhfeithicil, i dtrealamh nó in innealra, féadfaidh an t-oifigeach, i dteannta na gcumhachtaí is infheidhmithe aige nó aici faoi *fho-alt* (1):
- (i) cuardach a dhéanamh ar an rásrian con nó san áit a úsáidtear chun cúnna a dhíol go poiblí nó chun cúnna a thraenáil nó a phórú;
- (ii) cuardach a dhéanamh ar an bhfeithicil, ar an trealamh nó ar an innealra;
- (iii) a cheangal ar dhuine atá i bhfeighil an chú, na beatha d’ainmhithe, na feithicle, na substainte, an trealamh, an innealra nó an ní eile a bhaineann le cú, nó a bhfuil an céanna faoina rialú—

- (I) staonadh óna aistriú nó óna haistriú, nó é nó í a aistriú go dtí láthair ina bhféadfar cuardach a dhéanamh air nó uirthi, agus
- (II) faisnéis a thabhairt maidir le háit fágála, turas nó ceann scríbe an chéanna;
- (iv) cú, beatha d’ainmhithe, feithicil, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a bhaineann le cú a urghabháil agus a choinneáil agus é nó í a mharcáil nó a chéannú ar shlí eile;
- (v) aon chú, beatha d’ainmhithe, feithicil, substaint, trealamh nó innealra nó leabhair, doiciméid nó taifid a thabhairt chun siúil agus iad a choinneáil go ceann cibé tréimhse réasúnach is gá chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo.
- (5) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, ach amháin le toiliú an áititheora, isteach i dteaghais phríobháideach seachas de réir barántas cuardaigh faoi *alt 40*.
- (6) Le linn d’oifigeach údaraithe cumhacht faoin alt seo a fheidhmiú, féadfaidh daoine eile a bheith ina theannta nó ina teannta, agus féadfaidh sé nó sí, nó féadfaidh na daoine sin, aon trealamh nó ábhair a thabhairt leo chun cúnamh a thabhairt don oifigeach i bhfeidhmiú na cumhachta.
- (7) Más rud é, i gcúrsa aon chumhacht faoin gCuid seo a fheidhmiú, go bhfaighidh oifigeach údaraithe aon ní, nó go dtiocfaidh ina sheilbh nó ina seilbh aon ní, a mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun a chreidiúint gur fianaise é a bhaineann le déanamh ciona faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* nó gur sárú ar an gCód rásaíochta é, féadfaidh an t-oifigeach é a urghabháil agus a choinneáil lena úsáid mar fhianaise.
- (8) Ní choiscfidh aon ní in alt 17 den *Industrial and Provident Societies Act 1893* ar oifigeach údaraithe cumhacht a thugtar dó nó di leis an gCuid seo a fheidhmiú.
- (9) San alt seo, foláionn “feithicil” leantóir, atá deartha lena úsáid, nó a úsáidtear, le feithicil, nó coimeádán atá deartha nó a úsáidtear, lena iompar ar feithicil, cibé acu atá ceachtar acu i gceangal le feithicil nó nach bhfuil.

Cúnamh d’oifigeach údaraithe

38. (1) Aon duine a mbeidh—

- (a) cú nó beatha d’ainmhithe, nó
- (b) feithicil, substaint, trealamh, innealra nó ní eile a úsáidtear i dtaca le cú nó beatha d’ainmhithe,

ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú, nó ag a mbeidh faisnéis nó taifead a bhaineann le haon cheann díobh, tabharfaidh sé nó sí—

- (i) cibé cúnamh d’oifigeach údaraithe, nó do dhuine a bheidh i dteannta an oifigh, agus
- (ii) cibé faisnéis d’oifigeach údaraithe ar iarraidh chuige sin a bheith déanta ag an oifigeach,

agus a theastóidh le réasún ón oifigeach chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *ailt 36* agus *37* a fheidhmiú.

- (2) Déanfaidh úinéir nó áititheoir talún nó áitribh a úsáidtear i dtaca le cú nó beatha d'ainmhithe, nó an duine a bheidh i bhfeighil an chéanna, má cheanglaíonn oifigeach údaraithe air nó uirthi é, i gcás gurb indéanta agus inar féidir é, trealamh nó saoráidí a bheidh oiriúnach nó cuid oiriúnach den talamh nó den áitreabh, nó iad araon, a sholáthar don oifigeach, chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *ailt 36* agus *37* a chomhall.

Ceanglais oifighigh údaraithe agus ordacháin ó oifigeach údaraithe

39. Féadfaidh oifigeach údaraithe—

- (a) a cheangal ar dhuine cibé faisnéis a thabhairt don oifigeach is faisnéis atá faoi chumhacht an duine sin, nó ar fáil aige nó aici, nó a bhaineann le haon talamh a bheidh sonraithe ag an oifigeach lena n-áirítear—
- (i) cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar an talamh a úsáid, go páirteach nó go hiomlán, chun cúnna a choinneáil nó i dtaca leis sin,
- (ii) ainm an duine atá ag áitiú na talún, agus
- (iii) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an talamh ligthe, agus má tá sé ligthe, ainm agus seoladh an duine chun ar ligeadh é agus an tréimhse ama dar ligeadh é,
- (b) a cheangal ar dhuine cú a thabhairt ar aird lena iniúchadh ag tráth sonraithe agus in áit shonraithe, nó
- (c) cibé ordacháin a thabhairt a mheasfaidh sé nó sí le réasún a bheith riachtanach i dtaobh cú a scrúdú (lena n-áirítear saoráidí a sholáthar chun é a scrúdú) nó i dtaobh cú nó doiciméid a bhaineann leis an gcú a choinneáil chun críche sonraithe.

Barántas cuardaigh

40. (1) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, trí fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach údaraithe, go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil fianaise ar shárú ar an gCód rásaíochta nó ar shárú beartaithe ar an gCód rásaíochta nó fianaise a bhaineann leis an gcéanna, nó go bhfuil fianaise ar chion a dhéanamh nó ar é a bheith beartaithe cion a dhéanamh faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* a bhaineann le cú, substaint, beatha d'ainmhithe nó nithe atá faoi réir ceadúnas, cead nó ceadú faoi na *hAchtanna sin* nó fianaise a bhaineann leis an gcéanna, le fáil i dteaghais nó in áitreabh nó ar thalamh,
- (b) go bhfuil nó go raibh cú, beatha d'ainmhithe, substaint, innealra, trealamh nó ní eile arna dhéanamh, arna úsáid nó arna oiriúnú lena úsáid (lena n-áirítear monarú agus iompar) i dtaca le cú, beatha d'ainmhithe nó nithe atá faoi réir ceadúnas, cead nó ceadú faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019* i dteaghais nó in áitreabh nó ar thalamh, nó
- (c) go bhfuil, nó go mb'fhéidir go bhfuil, taifead a bhaineann le ní dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* sa teaghais nó san áitreabh nó ar thalamh,

ansin, féadfaidh an breitheamh barántas cuardaigh a eisiúint.

- (2) Maidir le barántas cuardaigh faoin alt seo, beidh sé sainráite ann go n-údaráíonn sé, agus oibreoidh sé chun a údarú, d'oifigeach údaraithe ainmnithe agus cibé oifighigh údaraithe nó cibé daoine eile a mheasfaidh an t-oifigeach údaraithe ainmnithe a bheith

riachtanach ina theannta nó ina teannta, aon tráth, laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird, má iarrtar é, dul isteach ar an talamh nó san áitreabh a bheidh ainmnithe sa bharántas agus gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna a thugtar d'oifigeach údaraithe faoin gCuid seo a fheidhmiú.

Cosc etc. a chur ar oifigeach údaraithe

41. (1) Aon duine—

- (a) a chuirfidh cosc, treampán nó bac ar oifigeach údaraithe nó ar aon duine a bheidh i dteannta an oifigigh sin, i gcúrsa feidhm a thugtar don oifigeach faoin gCuid seo a fheidhmiú,
- (b) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh aon fhaisnéis atá ar eolas aige nó aici a thabhairt d'oifigeach údaraithe is faisnéis a theastóidh ón oifigeach faoin gCuid seo,
- (c) a thabharfaidh, agus aon fhaisnéis den sórt sin á tabhairt aige nó aici, faisnéis atá, go bhfios dó nó di, bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, nó
- (d) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh déanamh de réir aon cheanglas maidir le cúnadh faoi *alt 38(1)*, de réir foréileamh ar shaoráidí faoi *alt 38(2)* nó de réir ceanglas nó ordachán faoi *alt 39*,

déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

- (2) Aon ráiteas nó admháil a dhéanfaidh duine faoi cheanglas maidir le faisnéis faoi *alt 37(1)(f)* nó *39(a)*, ní bheidh sé nó sí inghlactha mar fhianaise in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne an duine sin mar gheall ar chion (seachas cion faoin alt seo mar gheall ar mhainneachtain faisnéis a thabhairt nó mar gheall ar fhaisnéis bhréagach a thabhairt) faoi na *hAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019*.
- (3) In imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne duine mar gheall ar chion faoin alt seo, is cosaint don duine a thaispeáint go raibh cúis réasúnach aige nó aici, tráth an chiona líomhnaithe, gan déanamh de réir ceanglais nó ordacháin ón oifigeach údaraithe faoin gCuid seo.

CUID 7

IMSCRÚDUITHE AG AN mBORD

Imscrúduithe ag an mBord - sárúithe ar an gCód rásaíochta

42. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an Bord a chur faoi deara aon ní i ndáil le sárú líomhnaithe ar an gCód rásaíochta a imscrúdú ar cibé modh is cuí leis.
- (2) I gcás go dtabharfar fógra don Bhord i dtaobh sárú líomhnaithe ar rialacháin um shubstaintí, tarchuirfidh sé an ní chuig an gCoiste Rialúcháin.
- (3) Ceapfaidh an Bord oifigeach údaraithe nó comhalta dá fhoireann nó cibé duine eile a mheasfaidh sé a bheidh cáilithe go cuí chun bheith ina oifigeach imscrúdúcháin nó ina hoifigeach imscrúdúcháin chun imscrúdú a sheoladh faoin alt seo.

- (4) Chun críoch imscrúdaithe faoin alt seo, féadfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin, trí fhógra a sheirbheálfar ar aon duine, a cheangal ar an duine sin—
- (a) aon fhaisnéis nó taifid a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh is faisnéis nó taifid a mheasfaidh sé nó sí le réasún a bheith riachtanach le haghaidh an imscrúdaithe agus a bheidh sonraithe san fhógra a thabhairt dó nó di, agus
- (b) más cuí, freastal os comhair an oifigigh imscrúdúcháin chun críocha an imscrúdaithe.
- (5) (a) I gcás go dtiocfaidh oifigeach imscrúdúcháin ar an tuairim go ndearnadh sárú i leith aon ní atá á imscrúdú aige nó aici nó gur mhainnigh an duine lena mbaineann comhoibriú leis an imscrúdú, déanfaidh an t-oifigeach é sin a thuairisciú don Bhord.
- (b) Áireofar sa tuarascáil ó oifigeach imscrúdúcháin i ndáil le himscrúdú arna thabhairt don Bhord—
- (i) fionnachtana an oifigigh imscrúdúcháin i ndáil leis an ní,
- (ii) mionsonraí i dtaobh aon mhainneachtain ar thaobh an duine lena mbaineann *fo-alt (4)* a chomhlíonadh, agus
- (iii) moladh an oifigigh imscrúdúcháin.
- (6) I gcás go measfaidh an Bord, tar éis dó tuarascáil faoi *fho-alt (5)* a bhreithniú, go mb'fhéidir go ndearna duine sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta, seachas i leith sárú ar rialacháin um shubstaintí, tabharfaidh sé fógra don duine sin go bhfuil sé ar intinn aige an ní a tharchur chuig an gCoiste Rialúcháin agus tabharfaidh sé deis don duine uiríll a dhéanamh chuige laistigh de 14 lá ón bhfógra a sheirbheáil agus más rud é nach bhfaighfear aon uiríll den sórt sin nó go dtabharfaidh sé breith, tar éis dó aon uiríll a bhreithniú, an ní a tharchur chuig an gCoiste Rialúcháin, déanfaidh sé, ansin, an ní a tharchur chuig an gCoiste Rialúcháin chun breith a thabhairt i dtaobh an ní ag éisteacht agus déanfaidh sé, má bhreithníonn sé amhlaidh, moladh i dtaobh aon smachtbhanna rásaíochta cuí a fhorchuirfidh an Coiste Rialúcháin.
- (7) I gcás go measfaidh an Bord gurb ann do nithe arb ábhar inní iad don Chlub, féadfaidh sé na nithe sin a chur in iúl don Chlub.

CUID 8

AN COISTE RIALÚCHÁIN AGUS AN COISTE ACHOMHAIRC – SMACHTBHANNAÍ RÁSAÍOCHTA

CAIBIDIL 1

An Coiste Rialúcháin

Dlínse an Choiste Rialúcháin agus an Choiste Achomhairc

43. (1) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste Rialúcháin agus ag an gCoiste Achomhairc faoi *alt 46* nithe a chinneadh i leith sáruithe smachtbhanna ar an gCód rásaíochta.
- (2) Aon duine a dhéanfaidh cú a iontráil i rás con ar rásrian con nó ag triail, cúnna a thraenáil chun críoch rásaíochta nó trialacha, cúnna a phórú nó a dhíol chun críche rásaíochta con nó páirt a ghlacadh i rásaíocht con, beidh sé nó sí faoi réir dhlínse an Choiste Rialúcháin

agus an Choiste Achomhairc i leith aon sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta a bhféadfadh forchur smachtbhanna rásaíochta a bheith mar thoradh air.

- (3) Is coinníoll de cheadúnas rásriain con, cead gealltóireachta cúrsa nó ceadúnas, cead nó ceadú (de réir bhrí *alt 30*), cibé acu a bheidh sé luaite ar aghaidh an cheadúnais, an cheada nó an cheadaithe nó nach mbeidh, go mbeidh an ceadúnaí nó an sealbhóir cheada nó cheadaithe faoi réir dhlínse an Choiste Rialúcháin agus an Choiste Achomhairc i leith aon sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta a bhféadfadh forchur smachtbhanna rásaíochta a bheith mar thoradh air.
- (4) San alt seo, ciallaíonn “páirt a ghlacadh i rásaíocht con”, i ndáil le duine—
 - (a) úinéir, traenálaí, gníomhaire, oibrí conchró nó láimhseálaí cú arna iontráil i rás con ag rásrian con,
 - (b) duine a dhéanann cú a iontráil i rás con mar ghníomhaire do dhuine eile nó thar ceann duine eile agus duine a chuireann faoi deara do dhuine eile cú a iontráil i rás con thar a cheann nó thar a ceann,
 - (c) duine a chuireann cú i láthair lena dhíol nó a dhéanann cú a iontráil ag triail, nó
 - (d) aon duine atá faoi réir an Chóid rásaíochta.
- (5) Féadfaidh an Coiste Rialúcháin nó an Coiste Achomhairc, tar éis comhchomhairlí a dhéanamh leis an mBord, rialacha níos imeachta a dhéanamh maidir le héisteachtaí a sheoladh agus, má dhéantar rialacha den sórt sin, foilseoidh sé na rialacha sin.

An Coiste Rialúcháin um Rásaíocht Con

44. (1) Bunaítear coiste ar a dtabharfar an Coiste Rialúcháin um Rásaíocht Con (“An Coiste Rialúcháin”) chun na feidhmeanna a thugtar dó faoi *fho-alt (2)* a chomhlíonadh.
- (2) Is é feidhm an Choiste Rialúcháin breith a thabhairt i dtaobh an ndearnadh sárú smachtbhanna ar an gCód rásaíochta.
- (3) Beidh an Coiste Rialúcháin neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.
- (4) Cathaoirleach nó leasathaoirleach (má cheaptar leasathaoirleach) agus aon 2 ghnáthchomhalta is córam don Choiste Rialúcháin.
- (5) Maidir le cathaoirleach an Choiste Rialúcháin—
 - (a) is é nó is í an tAire a cheapfaidh é nó í, agus
 - (b) beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.
- (6) Ceapfaidh an tAire 8 ngnáthchomhalta den Choiste Rialúcháin ar a mhéid agus áireofar orthu cleachtóir tréidliachta amháin nó níos mó ná cleachtóir tréidliachta amháin agus aturnae nó abhcóide cleachtach a mbeidh seasamh 5 bliana ar a laghad aige nó aici.
- (7) Féadfaidh an cathaoirleach duine de na 8 ngnáthchomhalta a ainmniú mar leasathaoirleach agus déanfaidh an comhalta sin ionadú i gcomhair an chathaoirligh nuair a iarrfaidh an cathaoirleach é nó i gcás nach mbeidh an cathaoirleach in ann a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.
- (8) Beidh gnáthchomhalta den Choiste Rialúcháin i seilbh oifige ar feadh 4 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha.

- (9) Ní fhónfaidh comhalta den Choiste Rialúcháin ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha.
- (10) Más rud é, maidir le comhalta den Choiste Rialúcháin a mbeidh a théarma oifige nó a téarma oifige dulta in éag, nach mbeidh sé athcheaptha nó nach bhféadfar é nó í a athcheapadh de bhua gur fhóin sé nó sí ar feadh 2 théarma chomhleanúnacha, leanfaidh an comhalta de bheith in oifig go dtí go ndéanfar an folúntas, a tharla de bharr go ndeachaigh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag, a líonadh trí dhuine eile a cheapadh.
- (11) Más rud é go bhfaighidh cathaoirleach nó gnáthchomhalta den Choiste Rialúcháin bás, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun oifig a shealbhú, go n-éireoidh sé nó sí as oifig nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Rialúcháin nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste sin chun an folúntas a tharla amhlaidh a líonadh.
- (12) Beidh an duine a cheapfar chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Rialúcháin nó duine a cheapfar chun bheith ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Choiste Rialúcháin faoi *fho-alt (11)* i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta den Choiste ar de bharr scor théarma oifige an chomhalta sin a tharla an folúntas.
- (13) Féadfaidh cathaoirleach an Choiste Rialúcháin nó gnáthchomhalta den Choiste Rialúcháin éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta ar a bhfaighidh an tAire an fógra.
- (14) Ní bheidh comhalta den Bhord nó den Choiste Achomhairc ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Rialúcháin.
- (15) Déanfaidh comhalta den Choiste Rialúcháin aon easaontacht leasa ionchasach a nochtadh de réir *alt 12*.
- (16) Scoirfidh comhalta den Choiste Rialúcháin de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú más rud é—
- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,
 - (b) go mbeidh imshocraíocht nó comhshocraíocht aige nó aici le creidiúnaithe,
 - (c) go gciontófar é nó í i gcion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 nó i gcion lena ngabhann cruálacht ar ainmhí nó a bhaineann le leas ainmhithe,
 - (d) go gciontófar é nó í i gcion indíotáilte i ndáil le cuideachta nó le cuideachta láithreach (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014),
 - (e) go bhfuil easaontacht leasa aige nó aici atá chomh suntasach sin gur gá, i dtuairim an Aire, go scoirfeadh sé nó sí d'oifig a shealbhú,
 - (f) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
 - (g) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi,
 - (h) go mainneoidh sé nó sí aon easaontacht leasa ionchasach a nochtadh de réir *fho-alt (15)*, nó
 - (i) go ndéanfar ordú eisiaimh ina thaobh nó ina taobh.

- (17) Íocfar as ioncam an Bhoird le comhaltaí den Choiste Rialúcháin cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachais (más ann) a thabhoíd siad ag comhall a bhfeidhmeanna dóibh agus a chinnfidh an Bord le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (18) Soláthróidh an Bord na feidhmeanna rúnaíochta agus feidhmiúcháin is gá chun fónamh d'obair an Choiste Rialúcháin.
- (19) Féadfaidh an Coiste Rialúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Achomhairc, moltaí i dtaobh beartais a dhéanamh chuig an mBord i ndáil le nithe a thagann faoi réim dhlínse an choiste.
- (20) Féadfaidh an Coiste Rialúcháin a bhreitheanna a fhoilsiú lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh aon smachtbhannaí rásaíochta arna bhforchur aige mar aon le hainm agus seoladh aon phearsan aonair a ndéantar smachtbhanna rásaíochta ina thaobh nó ina taobh—
 - (a) tar éis don tréimhse chun achomharc a dhéanamh a bheith dulta in éag, gan achomharc a bheith déanta ag an bpearsa aonair sin, nó
 - (b) i gcás ina ndéanfar achomharc, tar éis an trátha nach n-éiríonn leis an achomharc.

Éisteachtaí an Choiste Rialúcháin

45. (1) I gcás go ndéanfaidh an Bord sárú líomhnaithe ar an gCód rásaíochta a tharchur chuig an gCoiste Rialúcháin faoi *alt 42(2)* nó *(6)*, tionólfaidh an Coiste Rialúcháin éisteacht i leith an ní d'fhonn breith a thabhairt ar an ní.
- (2) Bunóidh an Coiste Rialúcháin nósanna imeachta chun éisteachtaí a sheoladh faoin alt seo.
 - (3) Tabharfaidh an Coiste Rialúcháin fógra don duine dá ndéanfar difear i dtaobh aon ní arna tharchur chuige faoi *alt 42(2)* nó *(6)* agus i dtaobh mionsonraí aon nóis imeachta a bheidh le leanúint ag an gCoiste agus i dtaobh am agus áit aon éisteachta a thionólfar. Luafar sa scéala go bhféadfar aighneachtaí a dhéanamh laistigh den tréimhse a bheidh luaite san fhógra.
 - (4) I gcás go líomhnófar gur sháraigh duine an Cód rásaíochta agus go mbeidh an ní tarchurtha chuig an gCoiste Rialúcháin faoi *alt 42(6)*, féadfaidh an duine aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoiste Rialúcháin (cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, de réir mar a chinnfidh an Coiste) laistigh de 14 lá tar éis dó nó di fógra a fháil faoi *fho-alt (3)* nó, ar iarratas ón mBord, laistigh de cibé tréimhse is giorra.
 - (5) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (3)* agus *(4)* más rud é gur chóir, i dtuairim an Bhoird agus i gcomhchomhairle leis an gCoiste Rialúcháin, i gcás ina líomhnófar go ndearnadh sárú ar rialacháin um shubstaintí, an ní a éisteacht láithreach nó ag cibé tráth a chinnfidh an Bord.
 - (6) Le linn dó aon ní arna tharchur chuige faoin alt seo a bhreithniú, féadfaidh an Coiste Rialúcháin a cheangal ar cibé daoine a mheasfaidh sé a bheith riachtanach freastal ar éisteacht agus éisteacht le cibé aighneachtaí a dhéanfar ag éisteacht.
 - (7) Féadfaidh an Coiste Rialúcháin breith a thabhairt i dtaobh aon ní arna tharchur chuige mura mbeidh duine a mhainnigh freastal ar éisteacht i láthair, i gcás go mbeidh mainnith ag an duine, tráth nach déanaí ná 21 lá ón dáta a bheidh socraithe don éisteacht, míniú a

thabhairt don Choiste ar an údar nár fhreastail sé nó sí amhlaidh, is míniú atá, i dtuairim an Choiste, réasúnach sna himthosca.

- (8) I gcás go ndéanfaidh an Coiste Rialúcháin éisteacht a thionól i leith aon ní, tabharfaidh sé breith i dtaobh an ní.

CAIBIDIL 2

Smachtbhannaí rásaíochta

Smachtbhannaí rásaíochta

46. (1) I gcás go gcinneadh an Coiste Rialúcháin faoi *alt 45* nó an Coiste Achomhairc faoi achomharc faoi *alt 49* go ndearna duine sárú ar an gCód rásaíochta, ar sárú smachtbhanna ar an gcód é, féadfaidh an Coiste, ag féachaint do thromchúis an tsáraithe agus d'aon mholadh ón mBord faoi *alt 42(6)*, agus cúiseanna á dtabhairt aige, breith a thabhairt aon cheann de na smachtbhannaí seo a leanas (“smachtbhannaí rásaíochta riaracháin”) a fhorchur, is é sin le rá—

(a) comhairle, iomardú nó cáineadh i scríbhinn a thabhairt,

(b) na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) ordú dícháiliúcháin, nó

(ii) ordú eisiaimh,

nó

(c) ceadúnas rásriain con, cead gealltóireachta cúrsa nó ceadúnas, cead nó ceadú (de réir bhrí *alt 31*) atá i seilbh an duine a chúlghairm nó a fhionraí,

agus féadfaidh sé a ordú don duine costais nó caiteachais aon imscrúduithe nó éisteachtaí a íoc.

(2) I dteannta aon smachtbhanna rásaíochta riaracháin arna fhorchur faoi *fho-alt (1)*, maidir leis an gCoiste Rialúcháin nó leis an gCoiste Achomhairc, más rud é—

(a) go gcreidfidh sé—

(i) gur fhéach duine lena chur faoi deara, nó go ndearna duine iarracht a chur faoi deara, go dtabharfaí sochar nó go ndéanfaí dochar do dhuine a bhfuil baint aige nó aici leis an spórt (é féin nó í féin san áireamh),

(ii) go ndearna duine faillí ó thaobh sláinte nó leas cú nó gur thug duine neamhaird ar shláinte nó leas cú, nó

(iii) gur mhainnigh duine comhoibriú le himscrúdú faoi *alt 42* i ndáil leis an sárú lena mbaineann,

nó

(b) gur sháraigh an duine rialacháin um shubstaintí,

féadfaidh sé, agus cúiseanna á dtabhairt aige, a cheangal ar an duine suim (“íocaíocht smachtbhanna”) nach mó ná €12,500 a íoc leis an mBord.

- (3) Aon duine a mhainneoidh íocaíocht smachtbhanna nó costais nó caiteachais aon imscrúdaithe nó éisteachta arna forchur nó arna bhforchur air nó uirthi a íoc, ní cheadófar dó nó di cúnna a thraenáil, úinéireacht cúnna a aistriú, cúnna a rásáil ná freastal ar rásrian con go dtí go n-íocfar an méid ina iomláine.
- (4) Aon duine a rachaidh isteach ar rásrian con de shárú ar *fho-alt (3)*, féadfar a cheangal air nó uirthi an rian a fhágáil. Maidir le duine a mhainneoidh fágáil, féadfaidh aon duine a bheidh ag gníomhú faoi stiúradh an cheadúnaí faoin gceadúnas rásriain con a bhaineann leis an rian é nó í a thabhairt chun siúil (trí fhorneart réasúnach a úsáid).
- (5) Féadfaidh an Bord ainmneacha agus seoltaí daoine a fhoilsiú a mhainnigh íocaíochtaí smachtbhanna a íoc a cheanglaíonn an Coiste Rialúcháin a íoc faoi *fho-alt (2)* nó a bheidh, ar achomharc faoi *alt 49*, daingnithe nó forchurtha ag an gCoiste Achomhairc nó a mhainnigh costais nó caiteachais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a íoc.
- (6) Maidir le híocaíocht smachtbhanna is iníoctha faoi stiúradh an Choiste Rialúcháin nó an Choiste Achomhairc, is leis an mBord a íocfar í agus tabharfaidh an Bord cuntas uirthi ina chuntais bhliantúla.
- (7) Féadfaidh an Bord íocaíocht smachtbhanna agus costais nó caiteachais aon imscrúduithe nó éisteachtaí a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla ón duine atá faoi dhliteanas i leith fiach den sórt sin.
- (8) Féadfaidh an Coiste Rialúcháin forchur smachtbhanna rásaíochta riaracháin a bhac, is smachtbhanna lena ndéantar foráil maidir le ceadúnas, cead nó ceadú a chúlghairm nó a fhionraí ar feadh na tréimhse 21 lá tar éis breith ón gCoiste Rialúcháin, nó i gcás ina ndéanfar achomharc faoi *alt 49*, go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc sin.
- (9) Coimeádfaidh an Coiste Rialúcháin taifid ar a bhreitheanna ag éisteachtaí agus ar aon smachtbhannaí rásaíochta arna bhforchur aige agus luafaidh sé sna taifid na cúiseanna a bhí aige le teacht ar an mbreith nó leis an smachtbhanna a fhorchur.

Orduithe dícháiliúcháin

47. (1) I gcás go bhforchuirfidh an Coiste Rialúcháin ordú dícháiliúcháin mar smachtbhanna rásaíochta riaracháin, déanfar, leis an ordú, aon chú a bheidh sonraithe san ordú agus aon chú eile a bheidh á choimeád, ar úinéireacht, á thraenáil nó á bhainistiú ag an duine a bheidh sonraithe san ordú a dhícháiliú i leith ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas mar a shonrófar san ordú:
 - (a) clárú i Leabhar na gCon;
 - (b) iontráil in aon rás con nó i dtriail ar aon rásrian con;
 - (c) úinéireacht a aistriú;
 - (d) glacadh le díol ag aon díolachán poiblí cúnna;
 - (e) úsáid i bporúchán, lena n-áirítear ubháin, seamhan nó suthanna an chú a úsáid.
- (2) Sonrófar in ordú dícháiliúcháin na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh an Coiste Rialúcháin an t-ordú a chúlghairm nó a athrú agus, más cuí, sonrófar an tréimhse ama a mbeidh feidhm ag an ordú dícháiliúcháin maidir léi.
- (3) Féadfaidh an Coiste Achomhairc, ar achomharc, ordú dícháiliúcháin a athrú nó a chúlghairm go hiomlán nó go páirteach ar iarratas chuige faoi *alt 49*.

- (4) Aisghairtear alt 45 den Phríomh-Acht.
- (5) Aon ordú dícháiliúcháin a bheidh i bhfeidhm faoi alt 45 den Phríomh-Acht ar thosach feidhme an ailt seo—
 - (a) déanfar é a choimeád ar marthain amhail is dá mba faoi *alt 46(1)(b)(i)* a rinneadh é, agus
 - (b) féadfaidh an Bord é a chúlghairm.

Orduithe eisiaimh

48. (1) I gcás go bhforchuirfidh an Coiste Rialúcháin ordú eisiaimh mar smachtbhanna rásaíochta riaracháin, toirmiscfear, leis an ordú, ar an duine a bheidh sonraithe san ordú ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh, mar a shonrófar san ordú:
- (a) a bheith ar rásrian con;
 - (b) a bheith ag díolachán poiblí cúnna.
- (2) Sonrófar in ordú eisiaimh na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh an Coiste Rialúcháin an t-ordú a chúlghairm nó a athrú agus, más cuí, sonrófar ann an tréimhse ama a mbeidh feidhm ag an ordú eisiaimh maidir léi.
- (3) Féadfaidh an Coiste Achomhairc ordú eisiaimh a athrú nó a chúlghairm ar iarratas chuige faoi *alt 49*.
- (4) Más rud é, maidir le duine lena mbainfidh ordú eisiaimh—
- (a) go rachaidh sé nó sí isteach nó go bhfaighfear é nó í ar aon rásrian con, féadfaidh aon duine a bheidh ag gníomhú faoi stiúradh an cheadúnaí faoin gceadúnas rásriain con a bhaineann leis an rian, nó
 - (b) go bhfaighfear é nó í ag aon díolachán poiblí cúnna, féadfaidh aon duine a bheidh ag gníomhú faoi stiúradh an duine a bheidh ag seoladh an díolacháin, a cheangal ar an duine céadluaite an rian a fhágáil.
- (5) Aon duine a mhainneoidh déanamh de réir ceanglas faoi *fho-alt (4)* rásrian con nó díolachán poiblí a fhágáil—
- (a) féadfaidh duine a bheidh ag gníomhú faoi stiúradh an cheadúnaí faoin gceadúnas rásriain con a bhaineann leis an rian nó an duine a bheidh ag seoladh an díolacháin, de réir mar a bheidh, é nó í a thabhairt chun siúil (trí fhorneart réasúnach a úsáid) ón rásrian nó ón díolachán, agus
 - (b) déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.
- (6) Maidir le hordú eisiaimh arna dhéanamh ag an mBord agus a bheidh i bhfeidhm faoi alt 47 den Phríomh-Acht ar thosach feidhme an ailt seo—
- (a) déanfar é a choimeád ar marthain amhail is dá mba faoi *alt 46(1)(b)(ii)* a rinneadh é, agus
 - (b) féadfaidh an Bord é a chúlghairm.

(7) Leasaítear alt 47 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an Club, le hordú (dá ngairtear “ordú eisiaimh” san alt seo), toirmeasc a chur ar dhuine a bheith ag cruinniú cúrsála údaraithe.”,

agus

(b) trí fho-ailt (2) go (5) agus (7) a scriosadh.

CAIBIDIL 3

An Coiste Achomhairc

Achomhairc chun an Choiste Achomhairc i gcoinne breith ón gCoiste Rialúcháin

49. (1) Féadfaidh duine lena mbaineann an bhreith, nó féadfaidh an Bord, achomharc a dhéanamh chun an Choiste Achomhairc i gcoinne breith ón gCoiste Rialúcháin faoi *alt 45* laistigh de 21 lá ón tráth a thabharfar an bhreith.
- (2) Beidh ag gabháil le hachomharc (seachas achomharc ón mBord) faoin alt seo cibé táille réasúnach (más ann) a chinnfidh an Bord i gcomhchomhairle leis an gCoiste Achomhairc.
- (3) Maidir le hachomharc faoin alt seo, mura dtarraingeofar siar é, is é an Coiste Achomhairc a chinnfidh é—
- (a) tríd an mbreith ón gCoiste Rialúcháin lena mbaineann an t-achomharc a dhaingniú, lena n-áirítear a bhreith i ndáil le costais, nó
- (b) tríd an mbreith a chealú agus cibé breith eile is cuí leis an gCoiste Achomhairc a chur ina hionad, ar féidir gur breith í—
- (i) chun smachtbhannaí rásaíochta éagsúla a fhorchur, nó
- (ii) gan smachtbhanna rásaíochta a fhorchur ar an duine.
- (4) Is páirtí in achomharc faoin alt seo an Bord.
- (5) Coimeádfaidh an Coiste Achomhairc taifid ar a bhreitheanna i leith achomhairc faoin alt seo agus ar na cúiseanna a bhí aige le teacht orthu.
- (6) Féadfaidh an Coiste Achomhairc mionsonraí i dtaobh a bhreitheanna a fhoilsiú, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh aon smachtbhannaí rásaíochta nó i dtaobh aon chúlghairm nó fionraí ceadúnais nó ceada a bheidh daingnithe nó fionraithe aige mar aon le hainm agus seoladh aon duine a ndéantar breith ón gCoiste ina thaobh nó ina taobh.

An Coiste Achomhairc

50. Leasaítear alt 50 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Déantar an Coiste Achomhairc um Rásaíocht Con (‘An Coiste Achomhairc’) a choimeád ar marthain chun achomhairc a chinneadh dá bhforáiltear—

- (a) le halt 49 den *Acht um Rásaíocht Con, 2019* a bhaineann le breitheanna ón gCoiste Rialúcháin, agus
- (b) le halt 51 a bhaineann le breitheanna ón mBord.
- (1A) Maidir le comhaltaí an Choiste Achomhairc a bhí i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme *alt 50* den *Acht um Rásaíocht Con, 2019*, scoirfidh siad de bheith i seilbh oifige ar an tosach feidhme sin ach beidh aon chomhalta den sórt sin in-athcheaptha mar chomhalta den choiste faoin alt seo.”,
- (b) i bhfo-alt (2)(a), trí “den Chúirt Achomhairc,” a chur isteach i ndiaidh “den Chúirt Uachtarach,”
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):
- “(2A) Ní bheidh comhalta den Bhord, sealbhóir oifige sa Chlub nó comhalta den Choiste Rialúcháin ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Achomhairc.”,
- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):
- “(4) Maidir le comhalta den Choiste Achomhairc—
- (a) féadfaidh sé nó sí éirí as a chomhaltas nó a comhaltas trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as nuair a gheobhaidh an tAire an litir, nó
- (b) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig tráth ar bith más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach nó gur mhí-iompair sé nó sí é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe.”,
- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):
- “(5A) Féadfaidh comhalta den Choiste Achomhairc fónamh ar feadh uastréimhse de 2 théarma chomhleanúnacha.
- (5B) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord a mbeidh a théarma oifige nó a téarma oifige dulta in éag, nach mbeidh sé nó sí athcheaptha nó nach bhféadfar é nó í a athcheapadh de bhua gur fhóin sé nó sí ar feadh 2 théarma chomhleanúnacha, leanfaidh an comhalta de bheith in oifig go dtí go ndéanfar an folúntas, a tharla de bharr go ndeachaigh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag, a líonadh trí dhuine eile a cheapadh.”,
- agus
- (f) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):
- “(9) Déanfaidh an Bord cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas (más ann) a chinneadh an Bord le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoc le comhalta den Choiste Achomhairc (seachas breitheamh).

- (10) Soláthróidh an Bord na feidhmeanna rúnaíochta agus feidhmiúcháin is gá chun fónamh d’obair an Choiste Achomhairc.”.

Achomhairc chun an Choiste Achomhairc

51. Leasaítear alt 51 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

- “(1) Más rud é go ndiúltófar ceadúnas rásriain con, cead gealltóireachta cúrsa nó ceadúnas, cead nó ceadú (de réir bhrí *alt 30 den Acht um Rásaíocht Con, 2019*) a dheonú nó go gcúlghairfear nó go bhfionrófar é (seachas mar smachtbhanna rásaíochta riaracháin faoi *alt 46(1)(c) den Acht um Rásaíocht Con, 2019*), féadfaidh an t-iarratasóir, an ceadúnaí nó an sealbhóir ceadá nó ceadaithe, laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach an lá ar a dtabharfaidh an Bord breith an diúltú, an chúlghairm nó an fhionraí a dhéanamh agus faoi réir fho-alt (8), achomharc i scríbhinn (lena n-áirítear trí mheán leictreonach) a dhéanamh chun an Choiste Achomhairc i cibé foirm a chinnfidh sé i gcoinne an diúltaithe, na cúlghairme nó na fionraí.
- (2) I gcás go ndéanfar rialachán faoi *alt 20(1) den Acht um Rásaíocht Con, 2019* chun críocha *mhír (c)* den fho-alt sin, féadfaidh ceadúnaí rásriain con, laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach an lá ar a ndéanfar an rialachán agus faoi réir fho-alt (8), achomharc i scríbhinn a dhéanamh chun an Choiste Achomhairc i gcoinne an rialacháin.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

- “(4) Chun críocha fho-alt (1), más rud é go ndiúltófar ceadúnas, cead nó ceadú dá dtagraítear san fho-alt sin a dheonú, nó go gcúlghairfear nó go bhfionrófar é—
- (a) déanfar fógra i dtaobh an diúltaithe, na cúlghairme nó na fionraí agus i dtaobh an nóis imeachta achomhairc faoin alt seo a sheirbheáil ar an iarratasóir, ar an gceadúnaí nó ar an sealbhóir ceadá laistigh den tréimhse 7 lá dar tosach an lá ar a dtabharfaidh an Bord breith an diúltú, an chúlghairm nó an fhionraí a dhéanamh, agus
- (b) i gcás go ndéanfar cúlghairm nó fionraí, beidh sé sainráite go dtiocfaidh an chúlghairm nó an fhionraí (agus, faoi réir fho-alt (6), beidh éifeacht dá réir sin léi) i ngníomh ar lá sonraithe tar éis dul in éag don tréimhse 21 lá dar tosach an lá ar a dtabharfaidh an Bord breith an chúlghairm nó an diúltú a dhéanamh.”,

- (c) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

- “(a) go ndéanfar achomharc faoin alt seo i gcoinne ceadúnas, cead nó ceadú a chúlghairm nó a fhionraí, agus”,

agus

- (d) i bhfo-alt (8), trí “€500” a chur in ionad “suim chúig punt”.

Scéala a thabhairt i dtaobh breitheanna ón gCoiste Rialúcháin agus ón gCoiste

Achomhairc

- 52.** (1) Cuirfidh an Coiste Rialúcháin agus an Coiste Achomhairc a bhreith ar aon ní in iúl, agus tabharfaidh sé cúiseanna, don duine dá ndéanfar difear—
- (a) ar an éisteacht a thabhairt chun críche, nó
 - (b) trí scéala a chuirfear laistigh de mhí amháin tar éis an éisteacht a thabhairt chun críche.
- (2) I gcás ina ndéanfar achomharc chun an Choiste Achomhairc i gcoinne breith ón gCoiste Rialúcháin (seachas breith i ndáil le rialacháin um shubstaintí a shárú), déanfar aon smachtbhanna rásaíochta nó aon íocaíocht smachtbhanna a bhac go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc.

Achomharc chun na Cúirte Dúiche

- 53.** (1) I gcás go gcinneadh an Coiste Achomhairc gur chóir ordú eisiaimh a fhorchur faoi *alt 46(1)(b)(ii)*, féadfaidh an duine a ndéantar an cinneadh sin ina thaobh nó ina taobh achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcoinne na breithe sin.
- (2) (a) I gcás go gcinneadh an Coiste Achomhairc go bhfuil de cheangal ar dhuine íocaíocht smachtbhanna a íoc, féadfaidh an duine a ndéantar an cinneadh sin ina thaobh nó ina taobh achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcoinne mhéid na suime.
- (b) Féadfaidh an Chúirt, in aon iarratas arna dhéanamh chuici faoi *mhír (a)*, an tsuim a dhaingniú, nó an tsuim a athrú trí mhéid is mó nó is lú a chur ina hionad, ag féachaint do na nithe seo a leanas—
- (i) fionnachtana an Choiste Achomhairc,
 - (ii) tromchúis na dtosca a luaitear in *alt 46(2)*, go háirithe an díobháil ionchasach d'ionracas an spóirt, agus
 - (iii) cothroime na suime sna himthosca go léir.
- (3) I gcás ina ndéanfar achomharc i gcoinne breith a luaitear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)*, féadfaidh an Chúirt Dúiche, ar iarratas chuici, ordú eisiaimh faoi *alt 46(1)(b)(ii)* nó íocaíocht smachtbhanna, is ábhar don achomharc sin, a bhac go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc.
- (4) Déanfar achomharc faoin alt seo laistigh de 14 lá ón dáta a thabharfar fógra don achomharcóir i dtaobh chinneadh an Choiste Achomhairc.

CAIBIDIL 4

*Cruthúnais***Cruthúnas ar dheimhniú anailíse**

- 54.** In aon éisteacht faoi *alt 45* ag an gCoiste Rialúcháin nó in aon achomharc chun an Choiste Achomhairc faoi *alt 49* nó *alt 51* den Phríomh-Acht nó in aon imeachtaí, maidir le deimhniú, arna eisiúint faoi rialacháin faoi *alt 27*, a airbheartóidh a bheith sínithe ag duine atá fostaithe nó fruilithe chun anailís a dhéanamh ar shamplaí arna soláthar faoi na rialacháin sin ag saotharlann anailíse, is deimhniú ina luafar an cháil ina bhfuil an duine

sin fostaithe nó fruilithe amhlaidh agus ina luafar aon cheann nó níos mó de na nithe seo a leanas, eadhon—

- (a) go bhfuair an duine an sampla arna chur faoi rialacháin faoi *alt 27*, chuig an tsaotharlann anailíse,
- (b) go raibh an sampla a cuireadh amhlaidh i gcoimeád an duine ar feadh cibé tréimhse a bheidh sonraithe sa deimhniú,
- (c) gur thug an duine an sampla a cuireadh amhlaidh do cibé duine eile a bheidh sonraithe sa deimhniú,
- (d) go ndearna an duine an anailís ar an sampla, agus
- (e) torthaí na hanailíse,

mura suítear a mhalairt, beidh sé ina fhianaise ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú.

CUID 9

ILGHNÉITHEACH

Leasuithe ilghnéitheacha ar an bPríomh-Acht

55. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 5(4), trí “nó a dhéanfaidh an tAire faoi alt 36(1A)” a chur isteach i ndiaidh “a dhéanfaidh an Bord faoin Acht seo”,
- (b) in alt 22(3), trí “agus i dtaobh na gcúiseanna atá leis an diúltú” a chur isteach i ndiaidh “i dtaobh an bheartaithe”,
- (c) in alt 23(6), trí “fíneáil d’aicme A” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £1,500” (arna leasú le hAcht 1999),
- (d) in alt 24(2), trí “agus i dtaobh na gcúiseanna atá leis an bhfionraí nó leis an gcúlghairm” a chur isteach i ndiaidh “i dtaobh an bheartaithe”,
- (e) in alt 28(2), trí “fíneáil d’aicme A” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £1,500” (arna leasú le hAcht 1999),
- (f) in alt 29(3), trí “agus i dtaobh na gcúiseanna atá leis an diúltú, leis an bhfionraí nó leis an gcúlghairm” a chur isteach i ndiaidh “i dtaobh an bheartaithe”,
- (g) in alt 30(3), trí “fíneáil d’aicme B” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £500” (arna leasú le halt 12 d’Acht 1999),
- (h) in alt 34(2), trí “fíneáil d’aicme A” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £1,000” (arna leasú le hAcht 1999),
- (i) in alt 35(2), trí “fíneáil d’aicme A” a chur in ionad “fíneáil nach mó ná £1,000” (arna leasú le hAcht 1999),
- (j) in alt 36—
 - (i) trí fho-alt (1) a scriosadh, agus

- (ii) i bhfo-alt (2) (a cuireadh isteach le hAcht Thionscal na gCon (Leasú), 1993), trí “fineáil d’aicme A” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £1,000”,
- (k) trí alt 41 a scriosadh,
- (l) in alt 43(7), trí “fineáil d’aicme C” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £500” (arna leasú le hAcht 1999),
- (m) in alt 44—
 - (i) i bhfo-alt (2), trí “don Chlub” a chur isteach i ndiaidh “oifigeach údaraithe”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (4), trí “fineáil d’aicme C” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £500” (arna leasú le hAcht 1999),
- (n) trí alt 46 a scriosadh,
- (o) in alt 48—
 - (i) i bhfo-alt (15), trí “fineáil d’aicme B” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £500” (arna leasú le hAcht 1999), agus
 - (ii) i bhfo-ailt (17) agus (18), trí “fineáil d’aicme A” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £1,000” (arna leasú le hAcht 1999) gach áit a bhfuil sé,
agus
- (p) in alt 49(2), trí “fineáil d’aicme A” a chur in ionad “fineáil nach mó ná £1,000” (arna leasú le hAcht 1999).

Incháilitheacht cú chláraithe chun rásála

56. Aon chú a bheidh cláraithe i Leabhar na gCon ag sealbhóir an ghraíleabhair sin, beidh sé incháilithe chun rásála i rás con ar rásrian con, ach amháin i gcás go gcinnfear go bhfuil an cú neamh-incháilithe chun rásála de réir an Achta seo.

Ceanglas ar duine atá ar meisce nó atá fóbartach rásrian nó díolachán poiblí a fhágáil nó an ceart chun diúltú don duine sin dul isteach

57. (1) Más rud é, maidir le duine—
- (a) ar rásrian con, atá ag gníomhú faoi stiúradh an cheadúnaí faoin gceadúnas rásriain con, nó
 - (b) ag díolachán poiblí cúnna, atá ag gníomhú faoi stiúradh an duine a bheidh ag seoladh an díolacháin,
- go bhfuil sé nó sí den tuairim, maidir le duine a fuarthas air nó aige nó atá ag iarraidh dul isteach air nó chuige, go bhfuil sé nó sí chomh mór sin ar meisce nó ag gníomhú ar mhodh atá chomh fóbartach nó chomh himeaglaithe sin go bhfuil sé neamhoiriúnach é nó í a bheith ar an rian nó ag an díolachán poiblí nó gur ceanglaíodh air nó uirthi fágáil nó gur toirmisceadh air nó uirthi dul isteach ar rásrian nó chuig díolachán poiblí roimhe sin, féadfaidh sé nó sí—
- (i) a cheangal ar an duine eile sin an rásrian nó an díolachán a fhágáil, nó
 - (ii) diúltú an duine sin a ligean isteach ar an rásrian nó chuig an díolachán.

- (2) Maidir le duine a mhainneoidh déanamh de réir ceanglas chun rásrian nó díolachán poiblí a fhágáil nó de réir diúltú é nó í a ligean isteach air nó chuige nó a chuirfidh cosc ar an duine a bheidh ag déanamh an cheanglais nó ag diúltú é nó í a ligean isteach—
- (a) féadfaidh duine a bheidh ag gníomhú faoi stiúradh an cheadúnaí faoin gceadúnas rásriain con a bhaineann leis an rian nó an duine a bheidh ag seoladh an díolacháin, de réir mar a bheidh, é nó í a thabhairt chun siúil (trí fhorneart réasúnach a úsáid) ón rásrian nó ón díolachán, más air nó aige a bheidh sé nó sí, agus
- (b) déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A a chur air nó uirthi.

Aistriú sonraí

58. Maidir le faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta (de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016¹ agus alt 69 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018) arna sealbhú—

- (a) ag an mBord,
- (b) ag sealbhóir ar Leabhar na gCon,
- (c) ag oibritheoir saotharlainne chun anailís a dhéanamh ar shamplaí a bheidh ceadaithe ag an mBord faoi rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 27(1)* chun críocha *mhír (r)* den fho-alt sin,
- (d) ag oibritheoir bunachair sonraí a bheidh aitheanta, ceadaithe nó bunaithe faoi rialacháin arna ndéanamh faoi alt 36 den Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013, nó
- (e) ag an Aire faoin mbunachar sonraí um chórais lorgaireachta ainmhithe, is córais lorgaireachta ainmhithe arna mbunú faoi alt 63 den Acht sin,

chun críocha na *nAchtanna um Rásaíocht Con, 1958 go 2019*, an Achta um Leas Cúnna, 2011 nó an Achta um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013, féadfaidh siad í a mhalartú lena chéile más rud é go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach le réasún an malartú sin a dhéanamh chun go gcomhlíonfaidh siad a gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna sin.

CUID 10

LEAS CÚNNA

Leasú ar an Acht um Leas Cúnna, 2011

59. Leasaítear an tAcht um Leas Cúnna, 2011—

- (a) in alt 11—
- (i) i bhfo-alt (3), trí “i bhfo-alt (2)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

¹ IO Uimh. L119, 4.5.2016, lch.1

“(3A) Ní ceadmhach ach an síolrach ó na chéad 6 chuain de chuid soithchú, nó ó na chéad 8 gcuaire de chuid soithchú i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (3), a chlárú i Leabhar na gCon.

(3B) Aon duine a dhéanfaidh iarracht cú a chlárú de shárú ar alt (3A), déanfaidh sé nó sí cion,”

agus

(b) in alt 26(2), trí “11(1), (2) nó (3B)” a chur in ionad “11(1) nó (2)”.

CUID 11

LEASUITHE AR AN ACHT UM SHLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE, 2013

Míniú (Cuid 11)

60. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2013” an tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013.

Cionta faoi alt 36

61. Leasaítear alt 36 d’Acht 2013—

(a) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) a bhfuil feidhm ag an mír seo maidir léi, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Aon duine a sháróidh nó a mhainneoidh déanamh de réir foráil d’ionstraim dá dtagraítear in alt 75, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífeair—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) In imeachtaí i leith cion faoin alt seo mar gheall ar shárú ar rialacháin um shláinte agus leas ainmhithe, nó mar gheall ar mhainneachtain na rialacháin sin a chomhlíonadh, i leith na nithe a leagtar amach i mír 14B

nó 47 de Sceideal 3, aon deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag duine atá fostaithe i dtaca le bunachar sonraí um chéannú ainmhithe nó córas lorgaireachta ainmhithe ina luafar an cháil ina bhfuil an duine fostaithe agus ina luafar, gurb amhlaidh, ar lá nó laethanta áirithe, nó le linn tréimhse áirithe—

(a) maidir le faisnéis shonraithe—

(i) a cheanglaítear a chur isteach, go bhfuarthas í, nó

(ii) a gceanglaítear ar dhuine ainmnithe í a chur isteach, nach bhfuarthas í,

agus

(b) gur cóip inléite d'fhaisnéis arna stóráil sa chóras í an fhaisnéis a fuarthas agus a shonraítear sa deimhniú,

beidh sé, go dtí go suífear a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach ar na fíorais atá luaite sa deimhniú.”.

Rialacháin AE a chomhlíonadh – cion agus pionós

62. Déantar an t-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 36 d'Acht 2013:

“36A. I gcás go sáróidh duine oibleagáid, nó go mainneoidh duine déanamh de réir oibleagáid, arna forchur ar an duine le foráil de Rialachán ó institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hainmhithe nó le táirgí ainmhíocha, lena n-áirítear galar, sláinte, leas, céannú, aistriú, iompar, allmhairiú, onnmhairiú, inlorgaitheacht, díol nó soláthar, a bheidh luaite i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo gur sárú é lena mbaineann an t-alt seo, déanfaidh an duine cion agus i gcás go mbeidh luaite sna rialacháin, maidir leis an sárú nó leis an mainneachtain—

(a) gur sárú lena mbaineann an mhír seo é nó í, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) gur sárú lena mbaineann an mhír seo é nó í, dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

Na costais a ghabhann le hainmhí urghafa a choinneáil

63. Déantar an t-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 38 d'Acht 2013:

“38A. (1) I gcás go ndéanfar ainmhí a urghabháil agus a choinneáil faoi alt 38(4)(v), féadfaidh an tAire nó an t-údarás áitiúil arb ina choimeád nó ina coimeád atá an t-ainmhí á choinneáil muirir réasúnacha a ghearradh i leith na gcostas a ghabhann leis an ainmhí a urghabháil agus leis an ainmhí a choimeád le linn a choinneála—

- (a) ar an áititheoir nó ar an duine atá i bhfeighil na talún nó an áitribh ar a bhfuarthas an t-ainmhí,
 - (b) ar an duine a raibh an t-ainmhí ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú an tráth a urghabhadh é,
 - (c) ar úinéir an ainmhí, nó
- ar aon duine nó gach duine díobh sin.
- (2) Áireofar le muirear faoi fho-alt (1) soláthar maidir le costais a ghabhann leis an ainmhí a iompar, le dídean a thabhairt dó agus lena chothú agus le cúram tréidliachta agus cúram eile agus le forchostais eile arna dtabhú.
 - (3) Féadfaidh an tAire nó an t-údarás áitiúil arb ina choimeád nó ina coimeád a bheidh ainmhí á choinneáil an t-ainmhí a dhiúscairt, má mhainníonn duine a luaitear i bhfo-alt (1) suim arna gearradh air nó uirthi a urscaoileadh laistigh de 14 lá tar éis fógra a chur ar an talamh nó ar an áitreabh nó in aice leis an talamh nó leis an áitreabh ónar tógadh an t-ainmhí lena choinneáil, nó i gcás nach n-éireoidh le huiríll arna bhfáil faoi fho-alt (5)(a), ar an duine a bheith curtha ar an eolas faoin mbreith.
 - (4) Féadfaidh an tAire nó an t-údarás áitiúil arb ina choimeád nó ina coimeád atá an t-ainmhí á choinneáil na costais (lena n-áirítear na costais choimhdeacha) a ghabhann le hainmhí a choinneáil a bheidh urghafa faoi alt 38(4)(v) a ghnóthú ó dhuine a luaitear i bhfo-alt (1)—
 - (a) mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla, nó
 - (b) tríd an tsuim a asbhaint as aon airgead a bheidh dlite, nó ag teacht chun bheith dlite, agus a bheidh iníoctha ag an Aire nó ag an údarás áitiúil le duine a luaitear i bhfo-alt (1).
 - (5) I gcás go mbeartóidh an tAire nó an t-údarás áitiúil arb ina choimeád nó ina coimeád atá ainmhí á choinneáil muirear faoin alt seo a ghnóthú, déanfaidh an tAire nó an t-údarás áitiúil, de réir mar a bheidh—
 - (a) fógra a chur nó a chur faoi deara go gcuirfear fógra ar an talamh nó ar an áitreabh nó in aice leis an talamh nó leis an áitreabh ónar urghabhadh an t-ainmhí agus óna bhfuil an t-ainmhí á choinneáil, is fógra ina luafar an tsuim a bheidh dlite, an chúis go bhfuil an tsuim dlite agus go bhféadfaidh duine a luaitear i bhfo-alt (1) uiríll a dhéanamh a bhaineann lena bhfuil beartaithe tráth nach déanaí ná 14 lá ó dháta an fhógra agus ón dáta a bheidh sonraithe san fhógra,
 - (b) breithniú a dhéanamh ar aon uiríll arna ndéanamh, agus
 - (c) breith a thabhairt agus an bhreith agus na cúiseanna atá leis an mbreith a chur in iúl don duine ag a mbeidh na huiríll á ndéanamh.”.

Fógra um shláinte agus leas ainmhithe

64. Leasaítear alt 42 d’Acht 2013 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Féadfaidh cibé bearta teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha, a bhaineann le taifid a bheith á gcoimeád agus tuairisceáin a bheith á ndéanamh

ag an duine ar a seirbheálfar an fógra, a bheith i bhfógra um shláinte agus leas ainmhithe is dealraitheach don oifigeach údaraithe, ag a mbeidh an fógra á sheirbheáil, a bheith riachtanach chun go mbeidh lánéifeacht leis an bhfógra nó chun go soláthrófar fianaise go bhfuil lánéifeacht leis an bhfógra.”.

Rialacháin um shláinte agus leas ainmhithe – nithe i Sceideal 3

65. Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann le hAcht 2013—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 14:

“14A. Rialáil (lena n-áirítear srian nó toirmeasc) a dhéanamh ar fháil, sealbhú, díol, soláthar nó iompar ainmhí a cheanglaítear a chéannú.

14B. Bunachar sonraí a bhunú agus a chothabháil agus faisnéis a bhaineann le hainmhí a cheanglaítear a chéannú a iontráil ar an mbunachar sonraí agus faisnéis a bhaineann le hainmhí den sórt sin a fhoilsiú.

14C. Oibriú daoine agus oiliúint ar dhaoine i dtaca le soláthar agus foilsiú faisnéise ar bhunachar sonraí, agus oibriú bunachair sonraí, dá dtagraítear i mír 14B.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 21:

“21. Rialáil (lena n-áirítear srian nó toirmeasc) a dhéanamh ar iompar nó aistriú ainmhithe, táirgí ainmhíocha nó beatha d’ainmhithe, lena n-áirítear forálacha maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) na dálaí (lena n-áirítear bia agus uisce dóthanach a sholáthar) ina gcoimeádtar ainmhí agus é á aistriú nó á iompar chun aon fhulaingt nó míchompord neamhriachtanach a sheachaint, agus

(b) scéala a thabhairt i dtaobh an iompair nó an aistrithe, lena n-áirítear aon fhógra i dtaobh drochdhálaí aimsire a bheith tuartha don tréimhse ina ndéanfar an t-iompar nó an t-aistriú.”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna 46 agus 47:

“Nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach

46. Éifeacht a thabhairt d’ionstraim, nó d’fhoráil d’ionstraim, ó institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh i leith ainmhithe nó táirgí ainmhíocha, lena n-áirítear galar, sláinte, leas, céannú, aistriú, iompar, allmhairiú, onnmhairiú, inlorgaitheacht nó díol nó soláthar ainmhithe nó táirgí ainmhíocha.

Faisnéis a bhailiú i ndáil le hainmhithe agus táirgí ainmhíocha (córais lorgaireachta)

47. An tAire nó duine eile do dhéanamh córais (‘córais lorgaireachta’) a bhunú agus a chothabháil chun faisnéis (i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile) a bhaineann le hainmhithe agus le táirgí ainmhíocha a bhailiú agus a phróiseáil, lena n-áirítear galar, sláinte, leas, céannú,

- aistriú, iompar, allmhairiú, onnmhairiú, inlorgaitheacht, agus díol nó soláthar ainmhithe nó táirgí ainmhíocha.
48. Caighdeáin le haghaidh córais lorgaireachta a bhunú, cibé acu is é nó is í an tAire nó duine eile a dhéanfaidh iad a bhunú agus a chothabháil (lena n-áirítear oiliúint a chur ar dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú na gcóras).
 49. Nithe maidir le córais lorgaireachta (lena n-áirítear bunachar sonraí a choinneáil i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile) a bhaineann le hainmhithe agus táirgí ainmhíocha chun na gcríoch seo a leanas—
 - (a) faireachán nó rialú a dhéanamh ar ghalar nó ar an mbaol galair nó cosc a chur ar an gcéanna,
 - (b) minicíocht galair a dhíothú nó a laghdú, nó
 - (c) faireachán a dhéanamh ar leas ainmhithe nó an céanna a bharrfheabhsú nó a fheabhsú.
 50. Na daoine nó na haicmí daoine a gceanglaítear orthu faisnéis a chur isteach nó a choimeád i gcomhair córais lorgaireachta.
 51. An speiceas, cineál, pór nó aicme ainmhí nó an cineál táirge ainmhíoch lena mbaineann bailiú na faisnéise a bheidh le coimeád ar bhunachar sonraí córais lorgaireachta.
 52. An tréimhse ar laistigh di a bheidh faisnéis, a bheidh le coimeád ar bhunachar sonraí córais lorgaireachta, le cur isteach agus an duine ar faoina bhráid nó faoina bráid a chuirfeair í.
 53. Foirm agus ábhar na faisnéise a bheidh le coimeád ar bhunachar sonraí córais lorgaireachta.
 54. Rochtain ar chórais lorgaireachta (lena n-áirítear bunachair sonraí).
 55. Faisnéis a bhailiú agus a bhainistiú, is faisnéis a bheidh le coimeád ar bhunachar sonraí córais lorgaireachta maidir le teagmhais a bhaineann le hainmhithe, lena n-áirítear na teagmhais seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh, breith, aistriú (lena n-áirítear daoine a aistríonn ainmhithe), díol, bású, allmhairiú, onnmhairiú agus bás, agus talamh nó áitreabh ar a ndéantar ainmhithe a choimeád.
 56. Feidhmeanna a thabhairt, i ndáil le córais lorgaireachta (lena n-áirítear faisnéis ar bhunachair sonraí a bhainistiú) do dhaoine sonraithe nó d'aicmí sonraithe daoine.
 57. Rialáil (lena n-áirítear srian nó toirmeasc) a dhéanamh ar úsáid córas lorgaireachta (lena n-áirítear bunachair sonraí) i ndáil le céannú agus inlorgaitheacht ainmhithe, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le hainmhithe a bhailiú agus a bhainistiú, lena n-áirítear breith, bás, aistriú, díol, soláthar, onnmhairiú, bású nó diúscairt.
 58. Scéala a thabhairt faoi fháil, aistriú, díol, soláthar, onnmhairiú nó bás an ainmhí arna iontráil nó a cheanglaítear a iontráil ar bhunachar sonraí.
 59. Rialáil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

- (a) údarás áitiúil nó carthanas a bhíonn ag gabháil d’obair a bhaineann le leas ainmhithe do chéannú ainmhithe, agus
- (b) rochtain ar fhaisnéis arna coimeád ag údarás áitiúil nó carthanas a bhíonn ag gabháil d’obair a bhaineann le leas ainmhithe ar bhunachar sonraí um chóras lorgaireachta ainmhithe.
60. A cheangal go gcomhoibreoidh oibritheoirí bunachar sonraí lorgaireachta le chéile, agus daoine nó aicmí daoine a bheidh sonraithe do bhaint úsáid as comhthairseach chun rochtain a éascú ar fhaisnéis arna cothabháil ar bhunachar sonraí den sórt sin, paraiméadair na rochtana, prótacail a dhéanamh agus a chur chun feidhme idir na hoibritheoirí sin agus an tAire do thabhairt ordachán i ndáil leis an gcomhoibriú sin d’oibritheoirí bunachar sonraí córais lorgaireachta.”.

Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2013

66. Leasaítear Acht 2013 mar a léirítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

An Tábla

Ítim	An fhoráil a leasaítear	An Leasú
1	Alt 7(2)	“, which is” a scriosadh sa leagan Béarla.
2	Alt 8(1)	“ina gcoinnítear an t-ainmhí” a chur in ionad “ina gcoinnítear an t-ainmhí, ag féachaint do theorainneacha roinnte nó do choimín”.
3	Alt 9	An t-alt a scriosadh.
4	Alt 24(4)	“be recovered” a chur in ionad “berecovered” sa leagan Béarla.
5	Alt 27(2)(f)	“na daoine nó an aicme daoine” a chur in ionad “na daoine nó aicme daoine”.
6	Alt 32(6)	“faoi alt seo” a chur in ionad “faoi alt 34”.
7	Alt 36(2)(a)	“(lena n-áirítear limistéir scriosta galair)” a scriosadh.
8	Alt 37(1)	“nó oifigeach údaraithe de chuid na Roinne” a scriosadh.
9	Alt 38(4)(c)	“nó faoi bheart de chuid AE” a chur isteach i ndiaidh “faoi Acht seo”.
10	Alt 39(1)	“in alt 36(4)(b) nó 52(2)” a scriosadh agus “in alt 36(4)(b) nó (4A)(b), 36A(b) nó 52(2)” a chur ina ionad.
11	Alt 39(2)	“den alt sin” a chur in ionad “den Acht sin”. “in alt 36(4)(b) nó 52(2)” a scriosadh agus “in alt 36(4)(b) nó (4A)(b), 36A(b) nó 52(2)” a chur ina ionad.

12	Alt 49(1)	“faoi alt 18, 51(4) nó 36(4)(a)” a scriosadh agus “faoi alt 18, 51(4), 36(4)(a) nó 36A(a)” a chur ina ionad.
13	Alt 51(5)	“ar chuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó ar chuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin” a chur in ionad “ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí”.
14	Alt 55(1)	“that” a scriosadh sa leagan Béarla.
15	Alt 60(1)	“faoi alt 36(4)(b)(ii)” a scriosadh agus “faoi alt 36(4)(b)” a chur ina ionad.
16	Alt 61(1)	“nach bhfuil duine ag tabhairt aire dóthanach d’ainmhí, go bhfuil duine neamhfheidhmiúil chun an t-ainmhí a choinneáil nó nach eol cé hé nó cé hí úinéir an ainmhí nó nach féidir é nó í a fháil, nó” a chur in ionad “ag féachaint, i measc cúinsí eile, d’fhianaise liachta arna tíolacadh dó nó di,”.
17	Alt 72(1)(e)	“, nó fógra um shláinte agus leas ainmhithe” a scriosadh.
18	Alt 72(2)(e)	“nó fógra um shláinte agus leas ainmhithe” a scriosadh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€6.60

ISBN 978-1-4468-6700-6



9 781446 867006